



---

*Suí iomlánach*

---

**A9-0280/2023**

27.9.2023

**\*\*\*I**

# **TUARASCÁIL**

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (COM(2021)0891 – C9-0473/2021 – 2021/0428(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir don tuairim: Sylvie Guillaume

### ***Siombailí le haghaidh nósanna imeachta***

- \* An nós imeachta comhairliúcháin
- \*\*\* Nós imeachta an toilithe
- \*\*\*I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- \*\*\*II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- \*\*\*III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### ***Leasuithe ar dhréachtghníomh***

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **■** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

### Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....	5
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN .....	99
SEASAMH MIONLAIGH .....	101
AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH .....	102
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	104



## DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (COM(2021)0891 – C9-0473/2021 – 2021/0428(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0891),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 77(2), pointí (b) agus (e) agus d’Airteagal 79(2), pointe (c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0473/2021),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
  - ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18 Bealtaine 2022<sup>1</sup>,
  - ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún an 12 Deireadh Fómhair 2022<sup>2</sup>,
  - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0280/2023),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
  2. ag iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
  3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Lua 1**

---

<sup>1</sup> Nár foilsíodh fós san *Iris Oifigiúil*.

<sup>2</sup> Nár foilsíodh fós san *Iris Oifigiúil*.

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(b) agus (e) **agus Airteagal 79(2)(c)** de,

*Leasú*

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(b) agus (e) de,

## **Leasú 2**

### **Togra le haghaidh rialacháin**

#### **Aithris 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(1a) Ar cheann de na príomhnithe atá bainte amach ag an Aontas tá cruthú limistéir ina n-áirithítear saorghluaiseacht daoine thar teorainneacha inmheánacha. Ba cheart go mbeadh gnáthfheidhmiú agus neartú limistéir den sórt sin, atá bunaithe ar iontaoibh agus ar dhlúthpháirtíocht, ina chuspóir choiteann ag an Aontas agus ag na Ballstáit ar chomhaontaigh a bheith páirteach ann. A bhí le heaspa teorainneacha inmheánacha agus comhroinnt teorainneacha seachtracha, cruthaítear freagracht choiteann do na Ballstáit chun limistéar saoirse, slándála agus ceartais a áirithiú. I ndáil leis sin, ba cheart athbhunú sealadach rialaithe teorann inmheánaí a bheith eisceachtúil agus níor cheart é a úsáid ach amháin mar rogha dheiridh, faoi réir comhairliúcháin agus comhar idir na Ballstáit lena mbaineann i gcás inarb iomchuí agus faoi rialú an Choimisiúin.**

## **Leasú 3**

### **Togra le haghaidh rialacháin**

#### **Aithris 2**

(2) Le Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 (“Cód Teorainneacha Schengen”)<sup>42</sup> leagtar síos rialacha lena rialaítear **gluaiseacht daoine chuig an limistéar agus amach as an limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha (“Limistéar Schengen”) agus idir na Ballstáit chomh maith a ghlacann páirt i Limistéar Schengen.**

(2) Le Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 (“Cód Teorainneacha Schengen”)<sup>42</sup> **foráiltear nach ndéanfar rialú teorann ar dhaoine ag trasnú teorainneacha inmheánacha Bhallstáit an Aontais agus leagtar síos rialacha lena rialaítear rialú teorann ar dhaoine atá ag trasnú teorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais.**

<sup>42</sup> Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar teorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen), IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.

<sup>42</sup> Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar teorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen), IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.

## **Leasú 4**

### **Togra le haghaidh rialacháin Aithris 3**

(3) Le blianta beaga anuas, **tá dúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo i limistéar Schengen**, dúshláin nach raibh teoranta, de bharr a nádúir, **do chríoch aon Bhallstáit aonair. Leis na dúshláin sin, cuireadh i bhfios go láidir gur** freagracht chomhroinnte é an t-ord poiblí agus an tslándáil **phoiblí** a chaomhnú i limistéar Schengen, lena n-éilítear gníomhaíocht chomhleanúnach chomhordaithe **idir na Ballstáit agus** ar leibhéal an Aontais. **Chuir siad i dtábhacht freisin na bearnaí sna** rialacha atá ann **faoi láthair** lena rialaítear feidhmiú limistéar Schengen ag **na teorannacha seachtracha agus na** teorainneacha inmheánacha araon, agus an **gá atá ann le creat atá níos láidre agus níos tréine a**

(3) Le blianta beaga anuas, **chuaigh a lán Ballstát i muinín rialú teorann inmheánaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin**, dúshláin nach raibh teoranta **do chríoch aon Bhallstáit amháin**, de bharr a nádúir. **I limistéar saoirse, slándála agus ceartais, is** freagracht chomhroinnte é an t-ord poiblí agus an tslándáil a chaomhnú i limistéar Schengen lena n-éilítear gníomhaíocht chomhleanúnach chomhordaithe ar leibhéal an Aontais **agus idir na Ballstáit, ar an mbonn go bhfanann an limistéar saoirse, slándála agus ceartais sin saor ó rialuithe ag teorainneacha inmheánacha. Leis na dúshláin atá roimh na Ballstáit, agus ós rud é go ndeachaigh na Ballstáit i muinín rialú teorann inmheánaí go tapa chun**

*chruthú trinar féidir freagairt níos éifeachtaí a dhéanamh ar na dúshláin atá roimh limistéar Schengen.*

*aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, leagadh béim ar na deacrachtaí leis na rialacha atá ann cheana lena rialaítear feidhmiú limistéar Schengen agus forfheidhmiú na rialacha sin, ag teorainneacha seachtracha agus ag teorainneacha inmheánacha araon. Leag an méid sin béim freisin ar an ngá atá le creat níos soiléire agus níos láidre chun an mhuinín fhrithpháirteach agus an dlúthpháirtíocht a neartú agus chun a áirithiú nach ndéanfar aon rialú ar dhaoine, beag beann ar a náisiúntacht, agus teorainneacha inmheánacha á dtrasnú acu agus, ag an am céanna, a chur ar chumas na mBallstát freagairt éifeachtach a thabhairt ar na dúshláin atá rompu.*

## Leasú 5

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(4) Ní hamháin go dtéann rialú teorann ag **na** teorainneacha seachtracha chun leasa an Bhallstáit a gcuirtear i gcrích ag a theorainneacha seachtracha é, ach téann sé chun leasa na mBallstát uile a chuir deireadh le rialú ag teorainneacha inmheánacha, **agus chun leasa an Aontais ina iomláine**. Ceanglaítear ar na Ballstáit ardchaighdeáin a áirithiú maidir lena dteorainneacha seachtracha a bhainistiú, lena n-áirítear trí chomhar feabhsaithe idir gardaí teorann, póilíní, údaráis chustaim agus údaráis ábhartha eile. **Tá** tacaíocht ghníomhach **á tabhairt ag an Aontais** trí thacaíocht mhaoiniúcháin a **chuirtear ar fáil trí na Gníomhaireachtaí, tríd an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach go háirithe, agus trí bhainistiú** Shásra Meastóireachta Schengen. Ní mór na rialacha is infheidhme maidir le teorainneacha seachtracha a **threisiú** chun freagairt níos fearr a thabhairt ar dhúshláin

*Leasú*

(4) Ní hamháin go dtéann rialú teorann ag teorainneacha seachtracha, **i gcomhréir iomlán le cearta bunúsacha**, chun leasa an Bhallstáit a gcuirtear i gcrích ag a theorainneacha seachtracha é, ach téann sé chun leasa **an Aontais ina iomláine agus na mBallstát uile, go háirithe na Ballstáit sin** a chuir deireadh le rialú ag teorainneacha inmheánacha. Ceanglaítear ar na Ballstáit ardchaighdeáin a áirithiú maidir lena dteorainneacha seachtracha a bhainistiú, lena n-áirítear trí chomhar feabhsaithe idir gardaí teorann, póilíní, údaráis chustaim agus údaráis ábhartha eile. **Cuireann an tAontas** tacaíocht ghníomhach **ar fáil** trí thacaíocht mhaoiniúcháin a **sholáthar ó na Gníomhaireachta** agus trí Shásra Meastóireachta Schengen **a bhainistiú**. Ní mór na rialacha is infheidhme maidir le teorainneacha seachtracha a **leasú agus a chomhchuíbhiú** chun freagairt níos fearr a



nua atá tagtha chun cinn le déanaí ag na teorainneacha seachtracha.

thabhairt ar dhúshláin nua atá tagtha chun cinn le déanaí ag na teorainneacha seachtracha.

## Leasú 6

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(5) ***Treisíodh, le paidéim COVID-19, an gá atá ann go mbeadh an tAontas níos ullmhaithe chun freagairt ar ghéarchéimeanna ag na teorainneacha seachtracha a bhaineann le cásanna galar a mbaineann riosca eipidéime leo agus atá ina mbagairt ar an tsláinte phoiblí.*** Tá sé léirithe ag paidéim COVID-19 gur féidir le bagairtí ar an tsláinte phoiblí rialacha aonfhoirmeacha a éileamh maidir le srianta taistil ar náisiúnaigh tríú tír taisteal isteach san Aontas Eorpach. Trí bhearta neamhréireacha agus éagsúla a ghlacadh ag na teorainneacha seachtracha chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí den sórt sin, déantar dochar d’fheidhmiú limistéar Schengen ina iomláine, laghdaítear intuarthacht do thaistealaithe tríú tíortha agus teagmhálacha duine le duine le tríú tíortha. Chun limistéar Schengen a ullmhú do dhúshláin a bheidh ann amach anseo ar scála inchomparáide ***a bhaineann le bagairtí ar an tsláinte phoiblí, is gá*** sásra nua a bhunú lena bhféadfaí bearta comhordaithe a ghlacadh agus a ***bhaint*** go tráthúil ar leibhéal an Aontais. An nós imeachta nua ag an teorainn sheachtrach, ***ba cheart é*** a chur i bhfeidhm ***i gcás galar tógálach a mbaineann baol eipidéime leis*** arna ***shainaithint*** ag an ***Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú nó ag an gCoimisiún.*** ***Ba cheart don sásra sin comhlánú a dhéanamh ar na nósanna imeachta a moltar iad a bhunú sa Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le***

*Leasú*

(5) Tá sé léirithe ag paidéim COVID-19 gur féidir le bagairtí ar an tsláinte phoiblí rialacha aonfhoirmeacha a éileamh maidir le srianta taistil ar náisiúnaigh tríú tír taisteal isteach san Aontas Eorpach. Trí bhearta neamhréireacha agus éagsúla a ghlacadh ag na teorainneacha seachtracha chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí den sórt sin, déantar dochar d’fheidhmiú limistéar Schengen ina iomláine, laghdaítear intuarthacht do thaistealaithe tríú tíortha agus teagmhálacha duine le duine le tríú tíortha. Chun limistéar Schengen a ullmhú do dhúshláin a bheidh ann amach anseo ar scála ***atá*** inchomparáide ***le paidéim COVID-19, ba cheart*** sásra nua a bhunú lena bhféadfaí bearta comhordaithe a ghlacadh agus ***deireadh a chur leo*** go tráthúil ar leibhéal an Aontais. ***Ba cheart*** an nós imeachta nua ag an teorainn sheachtrach a chur i bhfeidhm ***maidir le héigeandáil sláinte poiblí ar mórskála lena mbaineann bagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte,*** arna ***haithint*** ag an gCoimisiún ***ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2371<sup>43</sup>.***

*bagairtí tromchúiseacha trasteorann don tsláinte<sup>43</sup>, go háirithe i gcás éigeandáil sláinte poiblí a aithint, agus ar shainordú athbhreithnithe an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Rialú.<sup>44</sup>*

---

<sup>43</sup> COM(2020)727.

<sup>44</sup> *Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú COM(2020)726.*

Leasú 7

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(6) Ba cheart don sásra foráil a dhéanamh maidir leis an gComhairle rialachán a ghlacadh ar bhonn togra ón gCoimisiún, rialachán lena leagtar amach srianta ar thaisteal, lena n-áirítear srianta ar dhul isteach agus *ar aon bheart eile atá riachtanach le haghaidh* taisteal isteach san Aontas, agus na coinníollacha *chun* deireadh a chur *leo. I bhfianaise íogaireacht pholaitiúil na mbeart sin a bhaineann leis an gceart dul isteach ar chríoch na mBallstát*, ba cheart *cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle chun rialachán den sórt sin a ghlacadh, ag gníomhú di ar bhonn togra ón gCoimisiún.*

---

<sup>43</sup> *Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí trasteorann tromchúiseacha ar an tsláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE (IO L 314, 6.12.2022, lch. 26.).*

*Leasú*

(6) *I gcás éigeandáil sláinte poiblí ar mórskála lena mbaineann bagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena bhforáiltear do shrianta sealadacha ar thaisteal chuig na Ballstáit, lena n-áirítear srianta ar dhul isteach agus aon bhearta eile is gá maidir le taisteal isteach san Aontas Eorpach, agus maidir leis na coinníollacha a bhaineann le deireadh a chur leis na srianta agus na bearta eile sin. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfadh an Coimisiún comhairliúchán iomchuí le linn a oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúchán ar leibhéal na saineolaithe. Agus gníomhartha tarmligthe a n-ullmhú agus á dtarraingt suas ag an gCoimisiún, ba cheart dó a*

*áirithiú go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.*

Leasú 8

### **Togra le haghaidh rialacháin Aithris 7**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(7) Rud atá tábhachtach, i gcomhréir leis na hoibleagáidí is infheidhme faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí idirnáisiúnta, saoránaigh den Aontas agus náisiúnaigh tríú tír a bhfuil, faoi chomhaontuithe idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus na tríú tíortha sin, ar an taobh eile, a bhfuil cearta saorghluaiseachta acu atá coibhéiseach le cearta shaoránaigh an Aontais, chomh maith lena mbaill teaghlaigh faoi seach, ba cheart cead a bheith acu i gcónaí teacht isteach san Aontas. Ba cheart a cheadú i gcónaí do chónaitheoirí san Aontas filleadh ar an Aontas. Na heilimintí uile is gá chun a áirithiú go mbeidh na srianta ar thaisteal éifeachtach, spriocdhírthe, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach don staid eipidéimeolaíoch atá ag athrú de réir a chéile, ba cheart na heilimintí sin uile a bheith sa ghníomh. Ba cheart a shonrú ann, i gcás inarb ábhartha, aon chatagóirí taistealaithe ar cheart a dtaisteal a dhíolmhú ó shrianta ar dhul isteach. Ina theannta sin, nó de rogha air sin, ba cheart a shonrú sa ghníomh aon limistéir gheografacha nó tríú tíortha óna bhféadfadh taisteal a bheith faoi réir bearta sonracha, bunaithe ar mhodheolaíocht oibiachtúil agus ar chritéir is infheidhme maidir leis sin, **ar cheart, go n-áireofaí go háirithe, an** staid eipidéimeolaíoch. D'fhéadfaí a shonrú sa ghníomh na coinníollacha faoina bhféadfar taisteal a cheadú amhail tástáil, coraintín,

*Leasú*

(7) Rud atá tábhachtach, i gcomhréir leis na hoibleagáidí is infheidhme faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí idirnáisiúnta, saoránaigh den Aontas agus náisiúnaigh tríú tír a bhfuil, faoi chomhaontuithe idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus na tríú tíortha sin, ar an taobh eile, a bhfuil cearta saorghluaiseachta acu atá coibhéiseach le cearta shaoránaigh an Aontais, chomh maith lena mbaill teaghlaigh faoi seach, ba cheart cead a bheith acu i gcónaí teacht isteach san Aontas. **Ar an gcaoi chéanna, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta, ní chuirfear toirmeasc ar thairbhíthe cosanta idirnáisiúnta ná ar dhaoine atá ag lorg tearmainn teacht isteach san Aontas.** Ba cheart a cheadú i gcónaí do chónaitheoirí san Aontas filleadh ar an Aontas. Na heilimintí uile is gá chun a áirithiú go mbeidh na srianta ar thaisteal éifeachtach, spriocdhírthe, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach don staid eipidéimeolaíoch atá ag athrú de réir a chéile, ba cheart na heilimintí sin uile a bheith sa ghníomh **tarmligthe sin**. Ba cheart a shonrú ann, i gcás inarb ábhartha, aon chatagóirí taistealaithe ar cheart a dtaisteal a dhíolmhú ó shrianta ar dhul isteach. Ina theannta sin, nó de rogha air sin, ba cheart a shonrú sa ghníomh aon limistéir gheografacha nó tríú tíortha óna bhféadfadh taisteal a bheith faoi réir bearta sonracha, bunaithe ar mhodheolaíocht oibiachtúil agus ar chritéir is infheidhme

féinleithlisiú nó aon bhearta iomchuí eile, amhail an gá foirm aimsithe paisinéirí nó uirlis rianaithe teagmhálaithe eile a líonadh isteach agus ag féachaint, go háirithe, d'aon chórais de chuid an Aontais a forbraíodh chun taisteal a éascú faoi dhálaí sábháilte, amhail córais deimhniúcháin dhigitigh. ***I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfaí sásra a bhunú faoin ionstraim freisin, lena gceadófaí bearta ábhartha a ghlacadh i gcás ina rachadh an staid eipidéimeolaíoch chun donais go mór i limistéar geografach amháin nó níos mó.***

maidir leis sin, ***arna ndíorthú ón*** staid eipidéimeolaíoch. D'fhéadfaí a shonrú sa ghníomh na coinníollacha faoina bhféadfar taisteal a cheadú amhail tástáil, coraintín, féinleithlisiú nó aon bhearta iomchuí eile, amhail an gá foirm aimsithe paisinéirí nó uirlis rianaithe teagmhálaithe eile a líonadh isteach agus ag féachaint, go háirithe, d'aon chórais de chuid an Aontais a forbraíodh chun taisteal a éascú faoi dhálaí sábháilte, amhail córais deimhniúcháin dhigitigh. ***I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, más gá sin ar fhorais phráinne, ba cheart don Choimisiún gníomh tarmligthe atá infheidhme láithreach a ghlacadh faoin nós imeachta práinne dá bhforáiltear faoin Rialachán seo.***

Leasú 9

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 8**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(8) Is gá freisin na rialacha agus na coimircí i ndlí an Aontais a threisiú ionas gur féidir leis na Ballstát gníomhú go tapa chun cur i gcoinne cásanna ina ndéantar ionstraimiú ar imircigh. Ba cheart ionstraimiú den sórt sin a thuiscint mar thagairt do chás ina dtionscnaíonn tríú tír sreabha imirce neamhrialta chuig an Aontas trí theacht isteach náisiúnach tríú tír chuig teorainneacha seachtracha na mBallstát a spreagadh nó a éascú go gníomhach, i gcás ina léirítear leis na gníomhaíochtaí sin go bhfuil sé ar intinn an tAontas ina iomláine nó Ballstát a dhíchobhsú agus i gcás ina bhféadfadh cineál na ngníomhaíochtaí sin feidhmeanna bunriachtanacha Stáit a chur i mbaol, lena n-áirítear a iomláine chríochach, an ord poiblí a chothabháil nó an tslándáil náisiúnta a choimirciú.***

***scriosta***

## Leasú 10

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 9

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(9) D'fhéadfadh sé gurbh é atá i gceist le hionstraimiú imirceach cásanna ina ndearna tríú tír taisteal neamhrialta náisiúnach tríú tír a spreagadh nó a éascú go gníomhach ar a críoch féin chun teorainn sheachtrach na mBallstát a bhaint amach ach d'fhéadfadh sé gurbh é atá i gceist leis freisin spreagadh gníomhach nó éascú taistil neamhrialta náisiúnach tríú tír atá i láthair cheana féin sa tríú tír sin. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé gurbh é atá i gceist le hionstraimiú imirceach, bearta comhéigneacha a fhorchur arb é is aidhm dóibh cosc a chur ar náisiúnaigh tríú tír limistéir teorann an tríú tír a dhéanann ionstraimiú a fhágáil, i dtreo eile seachas trí Bhallstát.** *scriosta*

## Leasú 11

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 10

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(10) Ba cheart don Aontas leas a bhaint as na huirlisí uile atá ina bhosca uirlisí de bhearta taidhleoireachta, maoiniúcháin agus oibriúcháin chun tacú leis na Ballstáit ar gá dóibh déileáil leis an ionstraimiú sin. Ba cheart tús áite a thabhairt d'iarrachtaí taidhleoireachta an Aontais nó an Bhallstáit lena mbaineann mar mhodh chun aghaidh a thabhairt ar fheiniméan an ionstraimithe. Féadfar an méid sin a fhorlíonadh, i gcás inarb iomchuí, le forchur beart sriantach ag an Aontas.** *scriosta*

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 11**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(11) *Ag an am céanna, chomh maith leis na bearta sin, is gá freisin na rialacha atá ann faoi láthair maidir le rialuithe ar theorainneacha seachtracha agus faireachas ar theorainneacha a threisiú tuilleadh. Chun cúnamh breise a thabhairt don Bhallstát atá ag dul i ngleic le himircigh a ionstraimiú, comhlánaítear le Rialachán (AE) XXX/XXX na rialacha maidir le rialú teorann trí fhoráil a dhéanamh maidir le bearta sonracha i réimse an tearmainn agus an fhille, agus cearta bunúsacha na ndaoine aonair lena mbaineann á n-urramú ag an am céanna agus go háirithe trína áirithiú go n-urramófar an ceart chun tearmainn agus tríd an gcúnamh is gá ó ghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus ó eagraíochtaí ábhartha eile a chur ar fáil.***

*scriosta*

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 12**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(12) *Go háirithe, i gcás ionstraimithe, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann a bheith in ann, i gcás inar gá, an trácht teorann a theorannú chomh híseal agus is féidir trí roinnt pointí trasnaithe teorann a dhúnadh, agus fíorrochtain éifeachtach ar nósanna imeachta cosanta idirnáisiúnta á ráthú ag an am céanna. Ba cheart a chur san áireamh in aon chinneadh den sórt sin an bhfuil sé aitheanta ag an gComhairle go bhfuil an tAontas nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstát ag dul i ngleic le staid***

*scriosta*

*ionstraimithe imirceach. Thairis sin, ba cheart a chur san áireamh go hiomlán in aon teorainneacha den sórt sin cearta shaoránaigh an Aontais, cearta náisiúnach tríú tír ar tairbhíthe iad den cheart chun saorghluaiseachta de bhun comhaontú idirnáisiúnta agus cearta náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad faoin dlí náisiúnta nó faoi dhlí an Aontais nó ar sealbhóirí víosaí fadtéarmacha iad, chomh maith lena mbaill teaghlaigh faoi seach. Ba cheart na teorainneacha sin a chur i bhfeidhm freisin ar bhealach lena n-áiríthítear urraim d'oibleagáidí a bhaineann le rochtain ar chosaint idirnáisiúnta, go háirithe prionsabal an non-refoulement.*

Leasú 14

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 13

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(13) Tugann an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta cúnamh do na Ballstáit ó thaobh gnéithe oibríochtúla de bhainistiú na dteorainneacha seachtracha de a chur chun feidhme, lena n-áirítear malartú faisnéise, trealamh, fothú acmhainneachta agus oiliúint a chur ar fáil do ghardaí teorann náisiúnta, faisnéis spriocdhírthe agus anailís riosca, **mar aon le himscaradh** an Bhuancóir. Cuireann sainordú nua na Gníomhaireachta deiseanna suntasacha ar fáil **chun tacú le** gníomhaíochtaí rialaithe teorann, lena n-áirítear **scagadh agus oibríochtaí** um fhilleadh agus seoladh mear-idirghabhála teorann agus/nó idirghabhála um fhilleadh arna iarraidh sin agus ar chríoch an Bhallstáit óstaigh lena mbaineann.

*Leasú*

(13) Tugann an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta cúnamh do na Ballstáit ó thaobh gnéithe oibríochtúla de bhainistiú na dteorainneacha seachtracha de a chur chun feidhme, lena n-áirítear malartú faisnéise, trealamh, fothú acmhainneachta agus oiliúint a chur ar fáil do ghardaí teorann náisiúnta, faisnéis spriocdhírthe agus anailís riosca, **imscaradh** an Bhuancóir, **chomh maith le cúnamh in oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála do dhaoine atá i nguais ar muir a seoladh agus a dhéantar i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 656/2014<sup>1a</sup>**. Cuireann sainordú nua na Gníomhaireachta deiseanna suntasacha ar fáil **do na Ballstáit cúnamh a fháil ina gcuid** gníomhaíochtaí rialaithe teorann, lena n-áirítear **maidir le hoibríochtaí** um fhilleadh agus seoladh mear-idirghabhála teorann agus/nó idirghabhála um fhilleadh arna iarraidh sin agus ar chríoch an



Bhallstáit óstaigh lena mbaineann.  
***Déanfar na gníomhaíochtaí sin i gcomhréir le hoibleagáidí maidir le cearta bunúsacha.***

---

***1<sup>a</sup> Rialachán (AE) Uimh. 656/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear rialacha i gcomhair faireachais ar na teorainneacha farraige seachtracha i gcomhthéacs comhair oibríochtúil arna gcomhordú ag an nGníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (IO L 189, 27.6.2014, lch. 93).***

Leasú 15

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 14**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(14) De bhua Airteagal 41(1) de Rialachán (AE) 2019/1896, tá sé de cheangal ar Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a mholadh do Bhallstát a iarraidh ar an nGníomhaireacht tacaíocht na Gníomhaireachta a thionscnamh, a chur i gcrích nó a choigeartú, ***chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí agus dúshláin arna sainaitheint ag na teorainneacha seachtracha, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos san fhoráil sin. Go háirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tacaíocht ón nGníomhaireacht i gcásanna ina bhfuil measúnú leochaileachta tiomnaithe déanta ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i ndáil le himircigh a ionstraimiú. Ar bhonn thorthaí measúnaithe leochaileachta den sórt sin nó i gcás ina sanntar leibhéal tionchair criticiúil do***

*Leasú*

(14) De bhua Airteagal 41(1) de Rialachán (AE) 2019/1896, ***ar bhonn thorthaí measúnaithe leochaileachta nó i gcás ina sanntar leibhéal tionchair criticiúil do chuid de theorainn sheachtrach amháin nó níos mó de Bhallstát***, tá sé de cheangal ar Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a mholadh do Bhallstát a iarraidh ar an nGníomhaireacht tacaíocht na Gníomhaireachta a thionscnamh, a chur i gcrích nó a choigeartú. Tá inniúlacht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin gan dochar don tacaíocht ghinearálta a d'fhéadfadh an Gníomhaireacht a bheith ag cur ar fáil do na Ballstáit.



*chuid amháin nó níos mó den teorainn sheachtrach agus na heilimintí ábhartha i bpleananna teagmhasacha an Bhallstáit, anailís riosca na Gníomhaireachta agus sraith anailíse an phictiúir de dhálaí Eorpacha á gcur san áireamh, ba cheart don Stiúrthóir Feidhmiúcháin a mholadh don Bhallstát lena mbaineann a iarraidh ar an nGníomhaireacht tacaíocht na Gníomhaireachta a thionscnamh, a chur i gcrích nó a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 41(1) de Rialachán (AE) 2019/1896. Tá inniúlacht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin gan dochar don tacaíocht ghinearálta a d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht a bheith ag cur ar fáil do na Ballstáit.*

## **Leasú 16**

### **Togra le haghaidh rialacháin Aithris 15**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(15) *Ina theannta sin, i gcás ina ndéanfar imircigh a ionstraimiú, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann an rialú teorann a threisiú, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, trí bhearta breise lena gcuirtear cosc ar thrasnuithe neamhdhleathacha agus trí úsáid acmhainní breise agus modhanna teicniúla chun cosc a chur ar thrasnú neamhúdaraíthe na teorann. D'fhéadfaí a áireamh ar mhodhanna teicniúla den sórt sin teicneolaíochtaí nua-aimseartha lena n-áirítear ladraínn agus braiteoirí gluaisne, chomh maith le haonaid shoghluaiste. Ní mór úsáid na modhanna teicniúla den sórt sin, go háirithe aon teicneolaíocht atá in ann sonraí pearsanta a bhailiú, a bhunú agus a fheidhmiú i gcomhréir le forálacha atá sainithe go soiléir sa dlí náisiúnta.*

## **Leasú 17**

*Leasú*

(15) I gcás ina measann Ballstát gur gá rialú teorann a threisiú agus i gcás ina ndéanann sé machnamh ar theicneolaíochtaí nua-aimseartha a úsáid, lena n-áirítear ladraínn agus braiteoirí gluaisne, chomh maith le haonaid soghluaiste, tá sé tábhachtach go ndéanfaid an úsáid a bhaintear as aon teicneolaíochtaí den sórt sin atá in ann sonraí pearsanta a bhailiú, dlí príomha an Aontais a urramú, go háirithe an Chairt um Chearta Bunúsacha, agus dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí, agus go mbeadh sí bunaithe ar fhorálacha an dlí náisiúnta atá sainithe go soiléir agus ba cheart iad a fheidhmiú i gcomhréir leo.

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 16**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(16) Ba cheart an **chumhacht a thabhairt don Choimisiún** caighdeáin iomchuí a shonrú, **i ngníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Rialachán seo**, maidir le faireachas ar teorainneacha, go háirithe maidir leis na teicneolaíochtaí nua a **fhéadfaidh** na Ballstáit a úsáid, agus cineál na dteorainneacha (**teorainn** talún, **farraige** nó aeir), na leibhéil tionchair a **shanntar** do gach cuid **de theorainn** sheachtrach i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1896 agus tosca ábhartha eile **á gcur san áireamh, mar fhreagairt shonrach ar chásanna ina ndéantar imircigh a ionstraimiú.**

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 17**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(17) I limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, ba cheart go mbeadh daoine in ann gluaiseacht faoi shaoirse, agus faoi shlándáil idir na Ballstáit. I ndáil leis sin, ba cheart a shoiléiriú nach ndéanann an toirmeasc ar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha difear d'inniúlacht na mBallstát seiceálacha a dhéanamh ar a gcríoch, **lena n-áirítear ag a dteorainneacha inmheánacha**, chun críocha eile seachas rialú teorann. Ba cheart a shoiléiriú, go háirithe, go **bhfuil sé de shaoirse i bprionsabal** ag údaráis inniúla náisiúnta,

*Leasú*

(16) **I gcomhréir le rialacha AE maidir le húsáid na hintleachta saorga agus le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí**, ba cheart an **Coimisiún a chumhachtú, i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh faoin Rialachán seo**, caighdeáin iomchuí a shonrú maidir le faireachas ar teorainneacha, go háirithe maidir leis na teicneolaíochtaí nua a **d'fhéadfaidh** na Ballstáit a úsáid, agus cineál na dteorainneacha (**teorainneacha** talún, **muirí** nó aeir) **á gcur san áireamh**, na leibhéil tionchair a **sannadh** do gach cuid **den teorainn** sheachtrach i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1896 agus tosca ábhartha eile. **Le linn faireachas den sórt sin, níor cheart náisiúnaigh tríú tír a bheith faoi réir teicneolaíochtaí bithmhéadracha ionsáiteacha.**

*Leasú*

(17) I limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, ba cheart go mbeadh daoine, **gan beann ar a náisiúntacht**, in ann gluaiseacht faoi shaoirse, agus faoi shlándáil idir na Ballstáit. I ndáil leis sin, ba cheart a shoiléiriú nach ndéanann an toirmeasc ar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha difear d'inniúlacht na mBallstát seiceálacha a dhéanamh ar a gcríoch chun críocha eile seachas rialú teorann. Ba cheart a shoiléiriú, go háirithe, go **leanfaidh** údaráis inniúla náisiúnta, lena n-áirítear údaráis sláinte nó údaráis

lena n-áirítear údaráis sláinte nó údaráis forfheidhmithe dlí, **seiceálacha a dhéanamh i bhfeidhmiú na gcumhachtaí poiblí** dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta.

forfheidhmithe dlí, **de bheith i dteideal, i bprionsabal, cumhachtaí poiblí a fheidhmiú** dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta, **ar choinníoll nach bhfuil éifeacht na gcumhachtaí sin coibhéiseach le rialú ag teorainneacha inmheánacha agus nach bhfuil sé ina chúis le hidirdhealú d'aon chineál.**

## Leasú 19

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 18

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(18) Cé go mbaineann **an toirmeasc ar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha le seiceálacha a bhfuil éifeachtaí coibhéiseacha acu** freisin, **níor cheart a mheas go bhfuil seiceálacha ag údaráis inniúla** coibhéiseach le seiceálacha teorann a dhéanamh i gcás nach bhfuil rialú teorann **acu** mar chuspóir, i gcás ina bhfuil siad bunaithe ar fhaisnéis agus ar thaithí **ghinearálta na n-údarás inniúil** maidir leis na bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don tslándáil phoiblí nó don bheartas poiblí, **lena n-áirítear** i gcás ina bhfuil sé **d'aidhm acu fanacht nó cónaí neamhrialta agus coireanna** trasteorann a **bhfuil baint acu le himirce neamhrialta a chomhrac**, i gcás ina **bhfuil siad ceaptha agus curtha i gcrích** ar bhealach atá éagsúil go soiléir **le seiceálacha** córasacha ar dhaoine ag na teorainneacha seachtracha agus i gcás ina ndéantar iad ag moil iompair amhail **poirt**, stáisiúin traenach nó bus, **nó** aerfoirt, nó go díreach ar bord seirbhísí iompair paisinéirí, agus i gcás ina **ndéantar iad ar bhonn** anailís riosca.

*Leasú*

(18) Cé go mbaineann seiceálacha a bhfuil éifeachtaí coibhéiseacha **leo** freisin **leis an toirmeasc ar rialuithe teorann inmheánaí, d'fhéadfadh sé nach measfaí seiceálacha a dhéanann póilíní nó cumhachtaí poiblí eile a bheith** coibhéiseach le seiceálacha teorann a dhéanamh i gcás nach bhfuil rialú teorann mar chuspóir **acu**, i gcás ina bhfuil siad bunaithe ar fhaisnéis **ghinearálta maidir le forfheidhmiú an dlí** agus ar thaithí **na bpóilíní** maidir **le** bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don tslándáil phoiblí nó don bheartas poiblí, i gcás ina bhfuil sé **mar aidhm leo go háirithe coireacht** trasteorann a **chomhrac nó srian a choimeád ar leathadh galair thógálaigh a mbaineann baol eipidéime leis, arna shainaithint ag an Lárionad Eorpach um Rialú Galar**, i gcás ina **ndéantar iad a cheapadh agus a fhorghníomhú** ar bhealach atá éagsúil go soiléir **ó sheiceálacha** córasacha ar dhaoine ag na teorainneacha seachtracha **nó inmheánacha**, agus i gcás ina ndéantar iad ag moil iompair, amhail **calafoirt**, stáisiúin traenach nó bus **agus** aerfoirt nó go díreach ar bord seirbhísí iompair paisinéirí, agus i gcás ina **bhfuil siad bunaithe ar anailís riosca. Ag an am céanna, i gcás ina bhfeidhmíonn údaráis inniúla cumhachtaí póilíneachta i limistéar**

*teorann, níl siad i dteideal é sin a dhéanamh ach amháin faoi réir rialacha agus teorainneacha mionsonraithe dochta arna leagan síos ag na Ballstáit ionas nach gcuirfear i mbaol gnóthú an chuspóra maidir le díothú rialuithe teorann inmheánaí.*

## Leasú 20

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 19

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(19) *Cé nár cheart sreabha imirce neamhrialta a mheas, per se, mar bhagairt ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le bearta breise chun feidhmiú limistéar Schengen a áirithiú.*

## Leasú 21

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 20

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(20) *Maidir le cónaí nó fanacht neamhdhleathach agus coireacht trasteorann a bhaineann le himirce neamhrialta a chomhrac, amhail gáinneáil ar dhaoine, smuigleáil imirceach agus calaois doiciméad agus cineálacha eile coireachta trasteorann, d'fhéadfaí a chuimsiú sna bearta sin bearta lena bhféadfar céannacht, náisiúntacht agus stádas cónaithe daoine a fhíorú ar choinníoll gur fíoruithe neamhchórasacha iad na fíoruithe sin agus go ndéantar iad ar bhonn anailís riosca.*

*Leasú*

(19) *Níor cheart imirce agus trasnú teorann seachtraí ag líon mór náisiúnach tríú tír a mheas, per se, mar bhagairt ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach.*

*Leasú*

(20) *Chun dul i ngleic leis an imirce neamhrialta agus leis an gcoireacht trasteorann a bhaineann leis an imirce neamhrialta, amhail gáinneáil ar dhaoine, smuigleáil imirceach agus calaois doiciméad, agus chun cineálacha eile coireachta trasteorann a chomhrac, d'fhéadfaí a cheangal ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun céannacht, náisiúntacht agus stádas cónaithe daoine a fhíorú ar choinníoll nach ndéantar na fíoruithe sin go córasach ag an teorainn ná i réigiúin teorann, nach sáraíonn siad prionsabal an neamh-idirdhealaithe, agus go ndéantar iad ar bhonn anailís riosca.*

## Leasú 22

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 21

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(21) D'fhéadfadh úsáid na dteicneolaíochtaí nua-aimseartha chun faireachán a dhéanamh ar shreabha tráchta, go háirithe ar mhótarbhealaí agus ar bhóithre tábhachtacha eile arna gcinneadh ag na Ballstáit, a bheith ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach. Níor cheart go dtuigfí leis an toirmeasc ar rialuithe **ag teorainneacha inmheánacha go gcuirtear cosc ar fheidhmiú** dleathach **na bpóilíní nó cumhachtaí poiblí eile maidir le** seiceálacha a dhéanamh **i limistéir na teorann inmheánaí. Áirítear leis sin seiceálacha** arb é atá i gceist leo úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faireacháin agus faireachais a úsáidtear **go ginearálta sa chríoch** nó atá bunaithe ar mheasúnú riosca chun an tslándáil inmheánach a chosaint. **Dá bhrí sin, níor cheart a mheas go bhfuil úsáid na dteicneolaíochtaí sin le haghaidh seiceálacha coibhéiseach le rialuithe teorann.**

## Leasú 23

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 22

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(22) **Chun go mbeidh na teicneolaíochtaí sin éifeachtach, ba cheart é a bheith indéanta luasteorainneacha comhréireacha a chur i bhfeidhm ag trasnuithe bóthair.**

## Leasú 24

*Leasú*

(21) D'fhéadfadh úsáid na dteicneolaíochtaí nua-aimseartha chun faireachán a dhéanamh ar shreabha tráchta, go háirithe ar mhótarbhealaí agus ar bhóithre tábhachtacha eile arna gcinneadh ag na Ballstáit, a bheith ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach. Níor cheart go dtuigfí leis an toirmeasc ar rialuithe **teorann inmheánaí go gcoisctear feidhmiú** dleathach cumhachtaí **póilíneachta chun** seiceálacha a dhéanamh arb é atá i gceist leo úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faireacháin agus faireachais a úsáidtear **de ghnáth ar an gcríoch** nó atá bunaithe ar mheasúnú riosca chun an tslándáil inmheánach a chosaint.

*Leasú*

*scriosta*

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 23**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(23)** *Níor cheart go gcuirfeadh an toirmeasc ar rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha srian le seiceálacha a dhéanamh, seiceálacha dá bhforáiltear in ionstraimí eile de chuid dhlí an Aontais. Dá bhrí sin, na rialacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo, níor cheart dóibh difear a dhéanamh do na rialacha is infheidhme maidir le seiceálacha a dhéanamh ar shonraí paisinéirí i mbunachair sonraí ábhartha roimh a dteacht.*

*scriosta*

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 24 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(24a)** *Roimh dhul i muinín rialú teorann a athbhunú ag teorainneacha inmheánacha, ba cheart do Bhallstáit tosaíocht a thabhairt do bhearta malartacha. Ba cheart do na Ballstáit a mheasúnú cibé an bhféadfaí aghaidh leordhóthanach a thabhairt ar an staid trí bhíthin comhar trasteorann méadaithe, ó thaobh na hoibríochta de agus ó thaobh malartú faisnéise idir seirbhísí póilíní agus údaráis inniúla eile an Bhallstáit.*

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 24 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(24b)** *In éagmais rialuithe teorann*

*inmheánaí, is uirlis luachmhar iad patróil chomhpháirteacha spriocdhírthe i limistéir teorann laistigh den Aontas chun cur i gcoinne smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine, chun fanacht neamhrialta agus coireacht trasteorann a bhaineann leis an imirce neamhrialta a chosc. D'fhéadfadh seiceálacha den sórt sin a bheith níos éifeachtaí ná rialuithe teorann inmheánaí, go háirithe ós rud é go bhfuil siad níos solúbtha agus go bhfuil siad níos so-inoiriúnaithe do rioscaí atá ag teacht chun cinn. Agus comhar póilíneachta trasteorann á roghnú, tá sé tábhachtach go ndéanfar iad a cheapadh agus a fhorghníomhú ar bhealach atá éagsúil go soiléir ó sheiceálacha córasacha ar dhaoine ag teorainneacha seachtracha agus ar bhealach neamh-idirdhealaitheach.*

Leasú 27

### **Togra le haghaidh rialacháin Aithris 25**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(25) *Ní mór bearta a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar ghluaiseachtaí neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach i limistéar gan rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha. Chun feidhmiú limistéar Schengen a neartú, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann bearta breise a dhéanamh chun gluaiseachtaí neamhrialta idir na Ballstáit a chomhrac, agus chun fanachtaí neamhdhleathacha a chomhrac. I gcás ina ngabhann údaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí de chuid Ballstáit náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ag na teorainneacha inmheánacha mar chuid den chomhar oibríochtúil póilíneachta trasteorann, ba cheart do na húdaráis sin a bheith in ann an ceart dul isteach nó fanacht ar a gcríoch a dhiúltú do dhaoine den sórt sin*

*Leasú*

(25) *Chun feidhmiú limistéar Schengen a neartú, agus chun cabhrú leis na Ballstáit dul i ngleic leis an imirce neamhrialta, lena n-áirítear idir na Ballstáit, agus fanachtaí neamhrialta a chomhrac, le deich mbliana anuas, tá roinnt mhaith beart tionlacain glactha ag reachtas an Aontais, lena n-áirítear Córas Dul Isteach/Imeachta a bhunú, Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) a bhunú, bunachar sonraí Eorpach um Thairfid Choiriúla a bhunú i ndáil le náisiúnaigh tríú tír, Córas Faisnéise Schengen (SIS) a athchóiriú, Córas Faisnéise Víosáí (VIS) a athchóiriú, dhá athchóiriú shuntasacha ar shainordú na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta, agus creat idir-inoibritheachta a bhunú chun ligean do bhunachair sonraí an Aontais*



*agus iad a aistriú chuig an mBallstát ónar tháinig siad isteach. Ba cheart a cheangal ar an mBallstát, ónar tháinig an duine go díreach, glacadh leis na náisiúnaigh tríú tír sin a gabhadh.*

*sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais cumarsáid a dhéanamh le chéile.*

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 25 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(25a) I gcomhthéacs patróil chomhpháirteacha póilíneachta mar chuid de chomhar oibríochtúil póilíneachta trasteorann, i gcás ina ngabhann údaráis náisiúnta um fhorghníomhú an dlí de chuid Ballstáit náisiúnaigh tríú tír, nach bhfuil aon cheart acu fanacht, i gcomharsanacht na dteorainneacha inmheánacha, agus i gcás nach bhfuil rialú teorann inmheánaí athbhunaithe ag an mBallstát sin, ba cheart go mbeadh na húdaráis sin in ann na náisiúnaigh tríú tír sin a aistriú chuig an mBallstát ónar tháinig siad isteach, i gcás ina bhfuil údaráis forfheidhmithe dlí an Bhallstáit sin rannpháirteach i bpatróil chomhpháirteacha na bpóilíní. Ba cheart a cheangal ar an mBallstát as ar tháinig an duine go díreach glacadh leis na náisiúnaigh tríú tír a gabhadh.*

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 25 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(25b) Chun próifiliú ciníoch a chosc, níor cheart an fhaisnéis ar ar a bonn a dhéantar patróil chomhpháirteacha póilíneachta i gcomharsanacht na dteorainneacha inmheánacha a bheith*



*bunaithe ar fhaisnéis arna bailiú trí phróiseáil uathoibríthe sonraí atá ar fáil i bhfoinsí sonraí éagsúla nó i bhformáidí éagsúla sonraí chun treochtaí a bhaineann le himirce agus le trasnuithe teorann a thuar.*

Leasú 30

## Togra le haghaidh rialacháin Aithris 26

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(26) An nós imeachta trína bhféadfaidh Ballstát náisiúnaigh tríú tír **atá ag fanacht go neamhdhleathach** a aistriú **go tapa** chuig Ballstát as ar tháinig an duine go díreach, ba cheart é a **bheith** faoi réir coimircí agus é á chur i gcrích agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha **agus** do phrionsabal an neamh-idirdhealaithe a chumhdaítear in Airteagal 21 den Chairt, chun **próifiliú ciníoch a chosc**. Ba cheart é a bheith **indéanta ag na húdaráis fíorú a dhéanamh ar fhaisnéis ábhartha atá ar fáil láithreach do na húdaráis** maidir le **gluaiseachtaí na ndaoine lena mbaineann. Féadfaidh eilimintí oibiachtúla a bheith san fhaisnéis sin lena gceadófaí do na húdaráis a chinneadh gur thaistil an duine ó** Bhallstát eile le **déanaí, amhail seilbh doiciméad, lena n-áirítear admhálacha nó sonraisc, lena bhfánaítear taisteal ó** Bhallstát eile le **déanaí. Ba cheart cinneadh réasúnaithe i scríbhinn a thabhairt do** náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir an nós imeachta aistrithe. **Cé gur cheart an cinneadh a bheith in-fhorghníomhaithe láithreach, ba cheart leigheas éifeachtach a chur ar fáil don náisiúnach tríú tír chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh aistrithe nó athbhreithniú air a lorg. Níor cheart éifeacht fionraíochta a bheith ag an leigheas sin.**

*Leasú*

(26) An nós imeachta trína bhféadfaidh Ballstát náisiúnaigh tríú tír **nach bhfuil aon cheart fanachta acu** a aistriú chuig Ballstát as ar tháinig an duine go díreach, ba cheart é a **dhéanamh go tapa ach ba cheart go mbeadh sé teoranta agus** faoi réir coimircí agus é á chur i gcrích agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha, **go háirithe** do phrionsabal an neamh-idirdhealaithe a chumhdaítear in Airteagal 21 den Chairt. **Ós rud é go leagtar síos rialacha ar leibhéal an Aontais lena rialaítear daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu agus tairbhíthe cosanta idirnáisiúnta san acquis tearmainn, lena n-áirítear na nósanna imeachta chun na daoine sin a aistriú idir Ballstáit,** ba cheart é a bheith **soiléir nach bhfuil feidhm ag an nós imeachta sin, in imthosca ar bith,** maidir le daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu nó tairbhíthe cosanta idirnáisiúnta. **I gcomhréir le hAirteagal 9 agus le hAirteagal 24 den Chairt, níor cheart feidhm a bheith ag nós imeachta den sórt sin maidir le mionaoisigh nó baill dá dteaghlach a thagann le chéile ó Bhallstát eile. Thairis sin, níor cheart feidhm a bheith ag an nós imeachta ach oiread maidir le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil ceadanna cónaithe fadtéarmacha ina seilbh acu nó baill dá dteaghlach, maidir le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu san Aontas,**

*maidir le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil víosaí fadfhanachta bailí ina seilbh acu agus maidir lena mbaill teaghlaigh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, maidir le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil víosa ghearrfhanachta bailí acu nó maidir le náisiúnaigh tríú tír atá i dteideal taisteal gan víosa laistigh de Limistéar Schengen a mhéid a bhí siad ar an gcéim ar feadh níos lú ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá.*

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 26 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(26a) Ba cheart é a bheith indéanta ag na húdaráis fíorú a dhéanamh ar fhaisnéis ábhartha atá ar fáil láithreach do na húdaráis maidir le gluaiseachtaí na ndaoine a d'fhéadfadh a bheith faoi réir nós imeachta den sórt sin. Féadfaidh eilimintí oibiachtúla a bheith san fhaisnéis sin lena gceadófaí do na húdaráis a chinneadh gur thaistil an duine ó Bhallstát eile le déanaí, amhail seilbh doiciméad, lena n-áirítear admhálacha nó sonraisc, lena bhfianaítear taisteal ó Bhallstát eile le déanaí. Ba cheart cinneadh réasúnaithe i scríbhinn a thabhairt do náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir an nós imeachta aistriú. Cé gur cheart an cinneadh a bheith in-fhorghníomhaithe láithreach, ba cheart leigheas éifeachtach os comhair cúirte nó binse a bheith ag an náisiúnach tríú tír chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh aistriú nó athbhreithniú air a lorg. Níor cheart éifeacht fionraíochta a bheith ag an leigheas sin.*

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 27**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(27) Níor cheart go ndéanfaidh **an nós imeachta aistrithe dá bhforáiltear faoin** Rialachán **seo** difear don fhéidearthacht atá ann cheana do na Ballstáit náisiúnaigh tríú tír neamhrialta a chur ar ais i gcomhréir le comhaontuithe **déthaobhacha** nó socruithe dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Threoir 2008/115/CE (an “Treoir um Fhilleadh”), i gcás ina mbraitear na daoine sin lasmuigh de chomharsanacht na dteorainneacha inmheánacha. **Chun cur i bhfeidhm na gcomhaontuithe sin a éascú, agus chun an cuspóir maidir leis an limistéar a chosaint gan teorainneacha inmheánacha a chomhlánú, ba cheart an deis a thabhairt do na Ballstáit comhaontuithe nó socruithe nua a thabhairt i gcrích agus comhaontuithe nó socruithe atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta. Ba cheart fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon mhodhnuithe nó nuashonruithe ar chomhaontuithe nó socruithe nua den sórt sin. I gcás ina bhfuil náisiúnach tríú tír tógtha ar ais ag Ballstát faoin nós imeachta dá bhforáiltear sa Rialachán sin nó ar bhonn comhaontú nó socrú déthaobhach, ba cheart a cheangal ar an mBallstát lena mbaineann cinneadh um fhilleadh a eisiúint i gcomhréir leis an Treoir um Fhilleadh. Chun comhsheasmhacht a áirithiú idir na nósanna imeachta nua dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus na rialacha atá ann cheana maidir le náisiúnaigh tríú tír a fhilleadh, is gá, dá bhrí sin, modhnú spriocdhírithé a dhéanamh ar Airteagal 6(3) den Treoir um Fhilleadh.**

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 28**

*Leasú*

(27) Níor cheart go ndéanfaidh **aon ní sa** Rialachán **sin** difear don fhéidearthacht atá ann cheana do na Ballstáit náisiúnaigh tríú tír neamhrialta a chur ar ais i gcomhréir le comhaontuithe nó socruithe **déthaobhacha** dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Threoir 2008/115/CE (an “Treoir um Fhilleadh”), i gcás ina mbraitear na daoine sin lasmuigh de chomharsanacht na dteorainneacha inmheánacha.

(28) I gcásanna eisceachtúla, d'fhéadfadh sé gur ghá go nglacfadh na Ballstáit bearta ag na teorainneacha inmheánacha chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí do limistéar Schengen. **Tá inniúlacht i gcónaí** ag na Ballstáit chun an gá **a chinneadh maidir le rialuithe teorann a athbhunú nó a shíneadh** ar bhonn sealadach. Faoi na rialacha atá ann faoi láthair, déantar foráil maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú i gcás ina dtagann bagairt thromchúiseach don tslándáil inmheánach nó don bheartas poiblí chun cinn in aon Bhallstát amháin ar feadh tréimhse **teoranta** ama. Go háirithe, d'fhéadfadh an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe, éigeandálaí sláinte poiblí ar mhórsála nó imeachtaí idirnáisiúnta ar mhórsála nó ardphróifíle amhail imeachtaí spóirt, trádála nó polaitiúla a bheith ina mbagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach.

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 29**

(29) Ina theannta sin, **d'fhéadfadh**

(28) I gcásanna eisceachtúla, d'fhéadfadh sé gur ghá go nglacfadh na Ballstáit bearta ag na teorainneacha inmheánacha, **mar rogha dheiridh**, chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí **sainaitheanta** do limistéar Schengen. **Toise go dtéann athbhunú sealadach rialuithe teorann inmheánaí i bhfeidhm ar shaorghluaiseacht daoine, ba cheart aon chinneadh chun rialú den sórt sin a athbhunú a dhéanamh i gcomhréir le critéir arna gcomhaontú go comhchoiteann agus ba cheart an cinneadh sin a chur in iúl don Choimisiún, don Pharlaimint agus don Chomhairle nó a bheith molta ag institiúid Aontais. Laistigh den chreat agus de na teorainneacha a leagtar síos sa Rialachán seo, beidh na Ballstáit fós inniúil chun a chinneadh** an gá rialuithe teorann a athbhunú ar bhonn sealadach. Faoi na rialacha atá ann faoi láthair, déantar foráil maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú i gcás ina dtagann bagairt thromchúiseach don tslándáil inmheánach nó don bheartas poiblí chun cinn in aon Bhallstát amháin ar feadh tréimhse **theoranta** ama. Go háirithe, d'fhéadfadh an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe, éigeandálaí sláinte poiblí ar mhórsála nó imeachtaí idirnáisiúnta ar mhórsála nó ardphróifíle amhail imeachtaí spóirt, trádála nó polaitiúla a bheith ina mbagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach.

(29) Ina theannta sin, **is féidir a mheas**

bagairt thromchúiseach **don bheartas** poiblí nó **don** tslándáil inmheánach a bheith **ann** mar thoradh ar **ghluaiseachtaí** mórskála **neamhúdaraithe** d'imircigh neamhrialta idir na Ballstáit i gcás ina **gcruthaíonn sé sin staid ina gcuirtear brú ar acmhainní foriomlána agus ar acmhainní na seirbhísí náisiúnta freagracha, i gcás** nach leor na modhanna eile dá bhforáiltear faoin Rialachán seo chun aghaidh a thabhairt ar na **hinsreabha** agus ar na gluaiseachtaí sin. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann brath ar thuarascálacha oibiachtúla cainníochtaithe maidir le gluaiseachtaí neamhúdaraithe nuair a bhíonn siad ar fáil, go háirithe, nuair a tháirgeann gníomhaireachtaí inniúla an Aontais iad ar bhonn rialta i gcomhréir lena sainorduithe féin. **Ba cheart do Bhallstát a bheith in ann an fhaisnéis arna soláthar ag na gníomhaireachtaí a úsáid chun a léiriú gur bagairt eisceachtúil é an bhagairt a sainaithníodh mar gheall ar ghluaiseacht neamhúdaraithe sa mheasúnú riosca, chun údar a thabhairt le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar an bhforas sin.**

Leasú 35

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 30

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(30) Cé go bhforáiltear maidir le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais i gcásanna ina dtagann cineál bagartha as easnaimh thromchúiseacha leanúnacha ag na teorainneacha seachtracha, níl aon sásra uile-Aontais ann a **mbeadh feidhm aige maidir le cásanna** ina bhfuil bagairt thromchúiseach ar an tslándáil inmheánach nó ar réimse beartais phoiblí laistigh de limistéar Schengen, bagairt a bhfuil tionchar aige ar **fhormhór na mBallstát**

**go bhféadfadh** bagairt thromchúiseach **ar an mbeartas** poiblí nó **ar an** tslándáil inmheánach a bheith mar thoradh ar **staid eisceachtúil ina mbeadh gluaiseacht neamhúdaraithe ar** mórskála **gan choinne** d'imircigh neamhrialta idir na Ballstáit, **cás a chruthaíonn staid a chuireann feidhmiú foriomlán an limistéir gan rialuithe teorann inmheánaí i mbaol, i** gcás ina **meastar** nach leor na modhanna eile dá bhforáiltear faoin Rialachán seo chun aghaidh a thabhairt ar na **hinsreafaí** agus ar na gluaiseachtaí sin. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann brath ar thuarascálacha oibiachtúla cainníochtaithe maidir le gluaiseachtaí neamhúdaraithe nuair a bhíonn siad ar fáil, go háirithe, nuair a tháirgeann gníomhaireachtaí inniúla an Aontais iad ar bhonn rialta i gcomhréir lena sainorduithe féin.

*Leasú*

(30) Cé go bhforáiltear maidir le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais i gcásanna ina dtagann cineál bagartha as easnaimh thromchúiseacha leanúnacha ag na teorainneacha seachtracha, níl aon sásra uile-Aontais ann **chun comhar uile-Aontais a áirithiú i gcásanna** ina bhfuil bagairt thromchúiseach ar an tslándáil inmheánach nó ar réimse beartais phoiblí laistigh de limistéar Schengen, bagairt a bhfuil tionchar aige ar **roinnt Ballstát an**

agus a chuireann dea-fheidhmiú limistéar Schengen i mbaol. Ba cheart an bhearna a líonadh trí shásra cosanta nua a chur ar bun le haghaidh limistéar Schengen lena gceadaítear réitigh chomhordaithe chun cosaint a thabhairt do leasanna na ndaoine atá i dteideal leas a bhaint as an limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, trí éifeachtacht na mbeart a dhéantar a uasmhéadú agus a bhfo-éifeachtaí diúltacha a íoslaghdú san am céanna.

## Leasú 36

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 31

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(31) *Leis an sásra cosanta nua le haghaidh limistéar Schengen, ba cheart an Chomhairle a bheith in ann, ar bhonn togra ón gCoimisiún, cinneadh a ghlacadh lena n-údarófar athbhunú nó síneadh rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, i gcás ina bhfuil údar cuí leis de bharr bagairt ar leith, arna shainaithint ar bhonn fógraí a fuarthas ó Bhallstáit aonair, nó ar bhonn faisnéis eile atá ar fáil, go háirithe measúnú riosca, i gcás síneadh is faide ná sé mhí a chur le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha. Ós rud é go bhfuil cinneadh den sórt sin íogair ó thaobh na polaitíochta de, cinneadh lena rialaítear an fhéidearthacht atá ag na Ballstáit rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a shíneadh i gcúinsí áirithe, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle chun cinneadh a ghlacadh, ag gníomhú di ar bhonn togra ón gCoimisiún.*

*tráth céanna, agus a chuireann dea-fheidhmiú limistéar Schengen i mbaol. Ba cheart an bhearna a líonadh trí shásra cosanta nua a chur ar bun le haghaidh limistéar Schengen lena gceadaítear réitigh chomhordaithe chun cosaint a thabhairt do leasanna na ndaoine atá i dteideal leas a bhaint as an limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, trí éifeachtacht na mbeart a dhéantar a uasmhéadú agus a bhfo-éifeachtaí diúltacha a íoslaghdú san am céanna.*

*Leasú*

(31) *I bhfianaise íogaireacht pholaitiúil cinnidh lena rialaítear an fhéidearthacht atá ag na Ballstáit rialú teorann inmheánaí a athbhunú nó a fhadú i gcúinsí áirithe, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun tús a chur le sásra nua coimirce ar leibhéal an Aontais lena n-údarófar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú, i gcás ina bhfuil bonn cirt leis sin de bharr bagairt ar leith, arna sainaithint ar bhonn fógraí a fuarthas ó roinnt Ballstát aonair, measúnú riosca, agus faisnéis eile atá ar fáil, agus rialacha forlíontacha a sholáthar maidir le bearta maolaithe ba cheart a bhunú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go ndéanfadh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí a chur i gcrích le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Agus gníomhartha tarmlichte á n-ullmhú agus á dtarraingt suas ag an gCoimisiún, ba cheart dó a áirithiú go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach,*



*go tráthúil agus go hiomchuí chuig  
Parlaimint na hEorpa agus chuig an  
gComhairle.*

Leasú 37

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 32**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(32) Agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil bonn cirt le ***hathbhunú na rialuithe*** ag na Ballstáit ***ag teorainneacha inmheánacha, nó le síneadh a chur orthu***, ba cheart don ***Chomhairle*** a chur san áireamh an bhfuil fáil ***ar aon bheart eile*** lena bhféadfaí ardleibhéal slándála a áirithiú laistigh den chríoch, ***amhail seiceálacha treisithe ag na húdaráis inniúla sna limistéir teorann inmheánacha***. I gcás ina ***measfar*** nach bhfuil bonn cirt le síneadh a chur leis na rialuithe, ba cheart don Choimisiún, ***ina ionad sin***, a mholadh go n-úsáidfi bearta eile a mheastar a bheith níos iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt ***arna sainaitint***.

*Leasú*

(32) Agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil bonn cirt le rialuithe ***teorann inmheánaí a athbhunú nó a fhadú*** ag na Ballstáit, ba cheart don ***Choimisiún*** a chur san áireamh ***go bhfuil rialú teorann inmheánaí fós ina rogha dheiridh a bhfuil tionchar tromchúiseach aige ar gach duine a bhfuil sé de cheart acu gluaiseacht laistigh den limistéar gan rialú teorann inmheánaí***. Ba cheart don ***Choimisiún a mheas*** an bhfuil ***an beart iomchuí, riachtanach agus comhréireach***. Ba cheart raon feidhme agus ré aon athbhunú sealadach beart den sórt sin a theorannú don mhéid is lú is gá chun freagairt don bhagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach. Ba cheart don ***Choimisiún a mheas an bhfuil aon bhearta eile ar fáil*** lena bhféadfaí ardleibhéal slándála a áirithiú laistigh den chríoch. I gcás ina ***meastar*** nach bhfuil bonn cirt le síneadh a chur leis na rialuithe, ba cheart ***deireadh a chur le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha láithreach agus ba cheart*** don Choimisiún a mholadh go n-úsáidfi bearta eile a mheastar a bheith níos iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt ***a sainaitníodh***.

Leasú 38

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 34**

(34) **Chun comhlíonadh phrionsabal** na comhréireachta **a áirithiú**, ba cheart **cinneadh na Comhairle** a ghlacadh ar feadh tréimhse **teoranta nach faide ná sé mhí**, **tréimhse a fhéadfar a shíneadh** faoi réir athbhreithniú rialta ar **bhonn togra ón gCoimisiún, fad is a mheastar gurb ann fós don bhagairt**. Ba cheart a áireamh sa **chinneadh tosaigh** measúnú ar an tionchar a mheastar a bheidh ag na bearta a glacadh, lena n-áirítear na fo-éifeachtaí díobhálacha a bhaineann leo, d'fhonn a chinneadh an bhfuil bonn cirt le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha nó an bhféadfaí bearta nach bhfuil chomh sriantach a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach ina n-áit. **I gcinntí a dhéanfar ina dhiaidh sin**, ba cheart **éabhlóid na bagartha a saináithníodh a chur san áireamh**. Ba cheart do na Ballstáit **an Coimisiún** agus na Ballstáit **eile a chur ar an eolas láithreach maidir le hathbhunú** rialuithe teorann i gcomhréir leis an **gcinneadh ón gComhairle**.

(34) **D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar prionsabal** na comhréireachta, ba cheart **an gníomh tarmiligthe** a ghlacadh ar feadh tréimhse **teoranta ama suas le sé mhí, ar féidir síneadh a chur léi** faoi réir athbhreithniú rialta, **suas le tréimhse dhá bhliain ar a mhéad i gcásanna eisceachtúla**. Ba cheart a áireamh sa **ghníomh tarmiligthe** measúnú ar an tionchar a mheastar a bheidh ag na bearta a glacadh, lena n-áirítear na fo-éifeachtaí díobhálacha a bhaineann leo, d'fhonn a chinneadh an bhfuil bonn cirt le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha nó an bhféadfaí bearta nach bhfuil chomh sriantach a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach ina n-áit. Ba cheart a chur san áireamh **in aon gníomh tarmiligthe ina dhiaidh sin lena gcuirtear síneadh le rialú teorann inmheánaí éabhlóid na bagartha arna shaináithint**. Ba cheart do na Ballstáit **fógra a thabhairt láithreach don Choimisiún, don Pharlaimint** agus do na Ballstáit **faoi athbhunú** rialuithe teorann **inmheánaí** i gcomhréir leis an **ngníomh tarmiligthe**.

## Leasú 39

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 35

(35) Ba cheart go bhféadfaí rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú freisin i gcás ina bhfuil easnaimh thromchúiseacha fós ann i mbainistiú na dteorainneacha seachtracha, rud a chuirfeadh feidhmiú foriomlán an limistéir gan rialú ag teorainneacha inmheánacha i mbaol. **Níor cheart tréimhsí inar thug na Ballstáit na rialuithe teorann isteach mar gheall gur éiligh phráinn an cháis sin nó ina gcinneann an Chomhairle an t-**

(35) Ba cheart go bhféadfaí rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú freisin i gcás ina bhfuil easnaimh thromchúiseacha fós ann i mbainistiú na dteorainneacha seachtracha, rud a chuirfeadh feidhmiú foriomlán an limistéir gan rialú ag teorainneacha inmheánacha i mbaol.



*athbhunú a mholadh toisc go ndéanann bagairt difear do líon suntasach Ballstát, níor cheart iad a áireamh sa tréimhse dhá bhliain is infheidhme maidir le hathbhunú bunaithe ar easnaimh thromchúiseacha ag na teorainneacha seachtracha.*

Leasú 40

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 36**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(36) Tá impleachtaí tromchúiseacha ag athbhunú rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha, bíodh sin ar bhonn cinntí **aontaobhacha na mBallstát nó** ar leibhéal an Aontais, d'fheidhmiú limistéar Schengen. Chun a áirithiú nach ndéanfar aon chinneadh rialuithe teorann a athbhunú ach amháin nuair is gá, mar rogha dheiridh, ba cheart an cinneadh maidir le rialuithe teorann a athbhunú nó a fhadú ar bhonn sealadach a bheith bunaithe ar chritéir choiteanna, agus **béim á leagan ar riachtanas agus ar chomhréireacht**. Ceanglaítear le prionsabal na comhréireachta go mbeidh athbhunú rialuithe **ag teorainneacha inmheánacha** faoi réir coimircí a mhéadóidh le himeacht ama.

Leasú 41

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 36 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(36) Tá impleachtaí tromchúiseacha ag athbhunú rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha, bíodh sin ar bhonn cinntí ar leibhéal an Aontais **nó cinntí aontaobhacha na mBallstát**, d'fheidhmiú limistéar Schengen **agus do chearta daoine aonair**. Chun a áirithiú nach ndéanfar aon chinneadh rialuithe teorann a athbhunú ach amháin nuair is gá, mar rogha dheiridh, ba cheart an cinneadh maidir le rialuithe teorann a athbhunú nó a fhadú ar bhonn sealadach a bheith bunaithe ar chritéir choiteanna agus **ba cheart é a bheith fíor-riachtanach agus comhréireach**. Ceanglaítear le prionsabal na comhréireachta go mbeidh athbhunú rialuithe **teorann inmheánaí** faoi réir coimircí **atá le hurramú sula ndéanfar rialuithe teorann inmheánaí a mheas agus a** mhéadóidh le himeacht ama.

**(36a) Ba cheart aon mhaolú ar phrionsabal bunúsach na saorghluaiseachta daoine a léirmhíniú go**

*docht agus glactar leis, le coincheap an bheartais phoiblí, gurb ann d'fhíorbhagairt láithreach atá tromchúiseach go leor lena ndéantar difear do cheann amháin de leasanna bunúsacha na sochaí. I gcás ina n-athbhunaíonn Ballstáit rialuithe teorann inmheánaí le haghaidh bagairtí intuartha, ba cheart dóibh a bheith in ann é sin a dhéanamh ar feadh tréimhse trí mhí, ar tréimhse í a fhéadfar a athnuachan go dtí uastréimhse 18 mí.*

Leasú 42

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 37

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(37) Ar an gcéad *úsc*, ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, ag féachaint do chineál *na bagartha tromchúisí* a sainaithníodh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar an tionchar is dócha a bheidh ag rialuithe ag teorainneacha inmheánacha ar ghluaiseacht daoine laistigh den limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha agus ar fheidhmiú na réigiún trasteorann, agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar sin. Ba cheart an measúnú sin a bheith mar chuid den fhógra a cheanglaítear ar na Ballstáit a tharchur chuig an gCoimisiún. I gcás ina *gcuirtear* síneadh le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha *i gcás imeachtaí* intuartha *thar thréimhse thosaigh* sé mhí, ba cheart don Bhallstát *freisin* measúnú a dhéanamh *ar a iomchuí atá bearta malartacha chun na cuspóirí céanna a shaothrú* maidir le *rialuithe ag* teorainneacha inmheánacha, *amhail seiceálacha comhréireacha a dhéantar i bhfeidhmiú cumhachtaí póilíneachta nó cumhachtaí poiblí eile nó trí chineálacha comhair phóilíneachta dá bhforáiltear*

*Leasú*

(37) Ar an gcéad *dul síos*, ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, ag féachaint do chineál *an bhaoil thromchúisigh* a sainaithníodh *chomh maith le hoiriúnacht na mbearta malartacha chun na cuspóirí céanna a shaothrú le rialuithe teorann inmheánaí, amhail seiceálacha comhréireacha a dhéantar i bhfeidhmiú cumhachtaí póilíneachta nó cumhachtaí poiblí eile nó trí chineálacha comhair póilíneachta dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais, lena n-áirítear an fhéidearthacht an nós imeachta aistriú a úsáid*. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar an tionchar is dócha a bheidh ag rialuithe ag teorainneacha inmheánacha ar ghluaiseacht daoine laistigh den limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha agus ar fheidhmiú na réigiún trasteorann, agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar sin. Ba cheart an measúnú sin a bheith mar chuid den fhógra a cheanglaítear ar na Ballstáit a tharchur chuig an gCoimisiún, *chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle*. I gcás ina *gcuirfeair* síneadh le rialuithe ag

*faoi dhlí an Aontais, agus an fhéidearthacht an nós imeachta aistrithe a úsáid.*

teorainneacha inmheánacha *le haghaidh teagmhais* intuartha *níos faide ná* sé mhí, ba cheart don Bhallstát measúnú *riosca* a dhéanamh *freisin*. *Ba cheart a áireamh sa mheasúnú riosca sin freisin mionsonraí maidir le scála agus éabhlóid réamh-mheasta na bagartha tromchúisí arna sainaithint, faisnéis maidir leis an bhfad a mheastar a mhairfidh an bhagairt thromchúiseach sin agus cé na codanna de na teorainneacha inmheánacha a ndéantar difear dóibh, faisnéis maidir le bearta comhordaithe le Ballstáit eile a mbeidh tionchar ag na bearta sin orthu nó ar dócha go mbeidh tionchar ag na bearta sin orthu agus na bearta atá glactha ag an mBallstát lena mbaineann agus a bhfuil sé ar intinn aige an bhagairt thromchúiseach arna sainaithint a mhaolú, d’fhonn deireadh a chur le rialuithe teorann inmheánaí d’fhonn prionsabal na saorghluaiseachta a athbhunú.*

Leasú 43

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 38

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(38) *Chun iarmhairtí* díobhálacha a *thagann* as athbhunú rialuithe ag teorainneacha inmheánacha *a theorannú*, ba cheart bearta maolaitheacha a bheith ag gabháil le haon chinneadh *maidir le* rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú *más gá*. Ba cheart a áireamh ar na bearta sin bearta chun oibriú rianúil idirthurais pearsanra earraí agus iompair agus maraithe a áirithiú trí ‘lánaí glasa’ a bhunú. Ina theannta sin, agus chun aird a thabhairt ar an ngá atá le gluaiseacht daoine a bhféadfadh a ngníomhaíochtaí a bheith riachtanach chun an slabhra soláthair nó soláthar seirbhísí fíor-riachtanacha a chaomhnú, ba cheart do na Ballstáit na treoirlínte atá ann cheana

*Leasú*

(38) *D’fhonn teorainn a chur leis na hiarmhairtí* díobhálacha a *eascraíonn* as athbhunú rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, ba cheart bearta maolaitheacha a bheith ag gabháil le haon chinneadh rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú, *ach d’fhonn deireadh a chur leis an rialú ag teorainneacha inmheánacha i gcónaí a luaithe is féidir*. Ba cheart a áireamh ar na bearta sin bearta chun oibriú rianúil idirthurais pearsanra earraí agus iompair agus maraithe a áirithiú trí ‘lánaí glasa’ a bhunú. Ina theannta sin, agus chun aird a thabhairt ar an ngá atá le gluaiseacht daoine a bhféadfadh a ngníomhaíochtaí a bheith riachtanach chun an slabhra

maidir le hoibrithe trasteorann a chur i bhfeidhm freisin<sup>45</sup>. I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart a chur san áireamh sna rialacha maidir le rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú, na treoirlínte agus na moltaí a glacadh le linn phaindéim COVID-19 mar líontán sábhála láidir don Mhargadh Aonair, chun a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm iad, *i gcás inarb iomchuí*, mar bhearta maolaitheacha le linn rialuithe **ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú**. **Ba cheart, go háirithe, bearta a shainaithint d'fhonn feidhmiú leanúnach an Mhargaidh Aonair a áirithiú agus d'fhonn** leasanna na réigiún trasteorann agus 'na gcathracha cúplacha' a chosaint, lena n-áirítear, mar shampla, údaruithe nó maoluithe do chónaitheoirí na réigiún trasteorann.

---

<sup>45</sup> 2020/C 102 I/03.

## Leasú 44

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 39

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(39) Ba cheart an fógra atá le tabhairt ag na Ballstáit a bheith cinntitheach agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh na gcritéar agus na gcoinníollacha maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach. Chun **sraith inchoimparáide** faisnéise a **áirithiú**, ba cheart don Choimisiún teimpléad a ghlacadh i ngníomh cur chun feidhme **le haghaidh fógra a thabhairt maidir le hathbhunú rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha**. Ba cheart do na Ballstáit a bheith i dteideal **rúnaicmiú a dhéanamh ar an bhfaisnéis uile nó ar chodanna** den fhaisnéis a **chuirtear ar fáil** san fhógra, gan dochar d'fheidhmiú **na mbealaí** iomchuí agus **slána den chomhar**

soláthair nó soláthar seirbhísí fíor-riachtanacha a chaomhnú, ba cheart do na Ballstáit na treoirlínte atá ann cheana maidir le hoibrithe trasteorann a chur i bhfeidhm freisin<sup>45</sup>. I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart a chur san áireamh sna rialacha maidir le rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú, na treoirlínte agus na moltaí a glacadh le linn phaindéim COVID-19 mar líontán sábhála láidir don Mhargadh Aonair, chun a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm iad, mar bhearta maolaitheacha le linn rialuithe **teorann inmheánaí a athbhunaíodh**, d'fhonn leasanna na réigiún trasteorann agus 'na gcathracha cúplacha' a chosaint, lena n-áirítear, mar shampla, údaruithe nó maoluithe do chónaitheoirí na réigiún trasteorann.

---

<sup>45</sup> 2020/C 102 I/03.

*Leasú*

(39) Ba cheart an fógra atá le tabhairt ag na Ballstáit a bheith cinntitheach agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh na gcritéar agus na gcoinníollacha maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach. Chun **a áirithiú go ndéanfar maoirseacht agus faireachán cuí ar rialuithe teorann inmheánaí a athbhunaíodh, agus chun cáilíocht na** faisnéise a **fhaigheann sé a fheabhsú**, ba cheart don Choimisiún teimpléad a ghlacadh **chun fógra a thabhairt faoi rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú** i ngníomh cur chun feidhme. Ba cheart do na Ballstáit a bheith i dteideal **codanna** den fhaisnéis a **sholáthraítear** san fhógra **a**

*póilíneachta.*

*aicmiú, gan dochar d'fheidhmiú bealaí comhair póilíneachta atá iomchuí agus slán agus gan dochar d'fhaisnéis a bheith ar fáil don Choimisiún, don Pharlaimint agus don Chomhairle.*

Leasú 45

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 40**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(40) Chun a áirithiú nach mbeidh rialuithe **ag teorainneacha inmheánacha** ina rogha dheiridh ach amháin a fhad is gá agus ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le rialuithe **ag teorainneacha inmheánacha** agus ar a gcomhréireacht chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí intuartha, ba cheart do na Ballstáit measúnú riosca a ullmhú a bheidh le cur faoi bhráid an Choimisiúin i gcás ina gcuirfear síneadh le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha thar **an tréimhse thosaigh** sé mhí mar fhreagairt ar bhagairtí intuartha. Ní mór do na Ballstáit a mhíniú, go háirithe, scála agus éabhlóid na bagartha tromchúisí arna sainaitheant, lena n-áirítear a fhad a mheastar a mhairfidh an bhagairt thromchúiseach shainaitheanta agus cé na codanna de na teorainneacha inmheánacha a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, chomh maith lena mbearta comhordúcháin leis na Ballstáit eile a bhfuil tionchar ag na bearta sin orthu nó ar dócha go mbeidh tionchar ag na bearta sin orthu.

Leasú 46

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 42**

*Leasú*

(40) Chun a áirithiú nach mbeidh rialuithe **teorann inmheánaí** ina rogha dheiridh ach amháin a fhad is gá agus ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le rialuithe **teorann inmheánaí** agus ar a gcomhréireacht chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí intuartha **agus chun a chur ar chumas an Choimisiúin a mheas gur beart eisceachtúil iad na rialuithe sin**, ba cheart do na Ballstáit measúnú riosca a ullmhú a bheidh le cur faoi bhráid an Choimisiúin i gcás ina gcuirfear síneadh le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha thar **thréimhse** sé mhí mar fhreagairt ar bhagairtí intuartha. Ní mór do na Ballstáit a mhíniú, go háirithe, scála agus éabhlóid na bagartha tromchúisí arna sainaitheant, lena n-áirítear a fhad a mheastar a mhairfidh an bhagairt thromchúiseach shainaitheanta agus cé na codanna de na teorainneacha inmheánacha a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, **cén fáth nach réiteoidh bearta malartacha an bhagairt arna sainaitheant**, chomh maith lena mbearta comhordúcháin leis na Ballstáit eile a bhfuil tionchar ag na bearta sin orthu nó ar dócha go mbeidh tionchar ag na bearta sin orthu.

(42) Chun leibhéal leordhóthanach trédhearcachta a áirithiú *sna* gníomhaíochtaí a dhéanann difear do thaisteal gan rialuithe *ag teorainneacha inmheánacha*, ba cheart do na Ballstáit *Parlaimint* na hEorpa agus an *Chomhairle a chur ar an eolas freisin faoi na príomhghnéithe a bhaineann le hathbhunú beartaithe na rialuithe teorann. I gcásanna a bhfuil údar leo, féadfaidh na Ballstáit faisnéis den sórt sin a rúnaicmiú freisin. Gach bliain, de bhun Airteagal 33 de Chód Teorainneacha Schengen, ba cheart don Choimisiún tuarascáil maidir le feidhmiú an limistéir gan rialú ag teorainneacha inmheánacha ('tuarascáil ar Staid Schengen') a chur faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle inar cheart aird ar leith a thabhairt ar an *staid* maidir le *gluaiseachtaí neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír, ag tógáil ar an bhfaisnéis atá ar fáil ó na Gníomhaireachtaí ábhartha agus ar anailís sonraí ó na córais faisnéise ábhartha*. Ba cheart measúnú a dhéanamh freisin ar an *riachtanas* agus ar an gcomhréireacht a bhaineann le rialuithe teorann *a athbhunú* sa tréimhse a chumhdaítear leis an Tuarascáil sin. Cumhdóidh tuarascáil ar Staid Schengen freisin na hoibleagáidí tuairiscithe a eascraíonn as Airteagal 20 de Shásra Meastóireachta Schengen<sup>46</sup>.*

<sup>46</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear

(42) Chun leibhéal leordhóthanach *maoirseachta*, trédhearcachta *agus cuntasachta* a áirithiú *maidir le* gníomhaíochtaí *arna ndéanamh ag na Ballstáit* a dhéanann difear do thaisteal gan rialuithe *teorann inmheánaí*, ba cheart do na Ballstáit *fógraí a thabhairt an tráth céanna do Parlaimint* na hEorpa, *don Chomhairle* agus *don Choimisiún maidir le rialú teorann inmheánaí a athbhunú i gcomhréir leis an Rialachán seo*. Gach bliain, de bhun Airteagal 33 de Chód Teorainneacha Schengen, ba cheart don Choimisiún tuarascáil maidir le feidhmiú an limistéir gan rialú ag teorainneacha inmheánacha ('tuarascáil ar Staid Schengen') a chur faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle inar cheart aird ar leith a thabhairt ar *na rialuithe teorann a bhí i bhfeidhm ar feadh tréimhse níos faide ná sé mhí. Ba cheart go n-áireofaí sa tuarascáil na cinntí go léir chun rialú teorann inmheánaí a athbhunú agus sonraí faoi na gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún maidir le rialuithe teorann inmheánaí a athbhunaíodh*. Ba cheart measúnú a dhéanamh freisin ar an *ngá* agus ar an gcomhréireacht a bhaineann le *gach athbhunú* rialuithe teorann sa tréimhse a chumhdaítear leis an Tuarascáil sin, *ag cur leis an bhfaisnéis atá ar fáil ó údarais inniúla na mBallstát*. Cumhdóidh tuarascáil ar Staid Schengen freisin na hoibleagáidí tuairiscithe a eascraíonn as Airteagal 20 de Shásra Meastóireachta Schengen<sup>46</sup>.

<sup>46</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear



Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen, IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

## Leasú 47

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 43

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(43) Leis an sásra **um** rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach i gcásanna práinneacha nó chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí intuartha, ba cheart a **fhoráil sa sásra sin maidir leis an bhféidearthacht a thabhairt don Choimisiún** comhairliúcháin a eagrú idir na Ballstáit, lena n-áirítear arna iarraidh sin **d’aon** Bhallstát. **Ba cheart go mbeadh** Gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais rannpháirteach sa phróiseas sin chun a gcuid saineolais a roinnt, i gcás inarb iomchuí. Sna comhairliúcháin sin, **ba cheart féachaint ar na rialacha mionsonraithe a bhaineann le rialuithe a dhéanamh ag na teorainneacha inmheánacha agus ar a n-amlíne, ar bhearta maolaitheacha a d’fhéadfadh a bheith ann agus ar na féidearthachtaí a bhaineann le** bearta malartacha a chur i bhfeidhm **ina n-ionad**. I gcás inar eisigh an Coimisiún nó Ballstát tuairim a léiríonn inní maidir le hathbhunú rialuithe teorann, ba cheart na comhairliúcháin sin a bheith éigeantach.

## Leasú 48

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 44

Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen, IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

*Leasú*

(43) Leis an sásra **chun** rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach i gcásanna práinneacha nó chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí intuartha, ba cheart **oibleagáid a chur ar an gCoimisiún** comhairliúcháin a eagrú idir na Ballstáit, lena n-áirítear arna iarraidh sin **ag** aon Bhallstát. **Féadfaidh** Gníomhaireachtaí ábhartha **de chuid** an Aontais **a bheith** rannpháirteach sa phróiseas sin chun a gcuid saineolais a roinnt, i gcás inarb iomchuí. **Ba cheart breathnú** sna comhairliúcháin sin **ar an bhféidearthacht** bearta malartacha a chur i bhfeidhm, **agus, más gá, ar na modúlachtaí a bhaineann le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a dhéanamh agus ar na bearta amlíne a bhaineann leo**. I gcás inar eisigh an Coimisiún nó Ballstát tuairim a léiríonn inní maidir le hathbhunú rialuithe teorann, ba cheart na comhairliúcháin sin a bheith éigeantach. **I gcás inar cuireadh fadú níos faide ná sé mhí le rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha, ba cheart riachtanas, comhréireacht agus fad na rialuithe sin a phlé i bhFóram Schengen.**

(44) Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit i gcónaí aon imní a chur in iúl maidir le riachtanas agus comhréireacht cinnidh ó Bhallstát rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar chúis práinne nó chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt intuartha. I gcás ina **ndéantar** rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú agus a fhadú i gcás bagairtí intuartha **ar feadh** tréimhsí níos faide ná **ocht mí dhéag** le chéile, ba cheart é a bheith ina cheanglas ar an gCoimisiún tuairim a eisiúint **ina ndéanfaí** measúnú ar riachtanas agus comhréireacht rialuithe teorann **inmheánacha den sórt sin**. **I gcás ina measann Ballstát go bhfuil cásanna eisceachtúla ann a thugann údar maith leis an ngá leanúnach atá le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha ar feadh tréimhse níos faide ná dhá bhliain, ba cheart don Choimisiún tuairim leantach a eisiúint**. Tá tuairim den sórt sin gan dochar do na bearta forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí um shárú, a **fhéadfaidh an Coimisiún** a dhéanamh tráth ar bith in aghaidh aon Bhallstáit toisc nach gcomhlíonann sé a chuid oibleagáidí faoi dhlí an Aontais. I gcás ina n-eiseofar tuairim, ba cheart don Choimisiún comhairliúcháin a thionscnamh leis na Ballstáit lena mbaineann.

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 44 a (nua)**

(44) Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit i gcónaí aon imní a chur in iúl maidir le riachtanas agus comhréireacht cinnidh ó Bhallstát rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar chúis práinne nó chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt intuartha. I gcás ina **ndéanfar** rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú agus a fhadú i gcás bagairtí intuartha **le haghaidh** tréimhsí níos faide ná **naoi mí** le chéile, ba cheart é a bheith ina cheanglas ar an gCoimisiún tuairim a eisiúint **lena ndéanfar** measúnú ar riachtanas agus comhréireacht **na** rialuithe teorann **inmheánaí sin**. Tá tuairim den sórt sin gan dochar do na bearta forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí um shárú, a **cheanglaítear ar an gCoimisiún** a dhéanamh, **ina ról mar chaomhnóir na gConarthaí**, tráth ar bith in aghaidh aon Bhallstáit toisc nach gcomhlíonann sé a chuid oibleagáidí faoi dhlí an Aontais. I gcás ina n-eiseofar tuairim, ba cheart don Choimisiún comhairliúcháin a thionscnamh leis na Ballstáit lena mbaineann.

**(44a) I gcás ina measann Ballstát go bhfuil cásanna eisceachtúla ann a thugann údar maith leis an ngá leanúnach le rialú teorann inmheánaí os cionn na huastréimhse 18 mí bunaithe ar**



*an mbagairt thromchúiseach intuartha chéanna, ba cheart dó a bheith in ann iarraidh ar an gCoimisiún cinneadh cur chun feidhme a mholadh don Chomhairle lena n-údarófar rialú teorann inmheánaí a fhadú ar feadh tréimhse trí mhí. Má ghlacann an Chomhairle cinneadh cur chun feidhme den sórt sin, agus ag deireadh na tréimhse trí mhí sin, má mheasann an Ballstát i dtrácht go bhfuil an staid eisceachtúil fós ann, féadfaidh sí uasmhéid de dhá iarraidh eile a dhéanamh chuig an gCoimisiún chun fadú trí mhí eile a chur leis.*

Leasú 50

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 45

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(45) Chun go bhféadfar an anailís post factum a dhéanamh ar an gcinneadh maidir le rialuithe teorann a athbhunú ar bhonn sealadach ag na teorainneacha inmheánacha, ba cheart é a bheith mar oibleagáid ar na Ballstáit fós tuarascáil maidir le hathbhunú na rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin a luaithe a chuireann siad deireadh leis na rialuithe. I gcás ina gcoinnítear na rialuithe ar feadh **tréimhsí fada ama**, ba cheart an tuarascáil sin a chur isteach freisin tar éis **dhá mhí dhéag**, agus gach **bliain** ina dhiaidh sin má choimeádtar rialuithe eisceachtúla ar bun agus fad a choimeádtar na rialuithe ar bun. Ba cheart go dtabharfaí breac-chuntas sa tuarascáil, go háirithe, ar an measúnú tosaigh agus ar an measúnú leantach maidir leis an ngá atá le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha agus ar urramú na gcritéar maidir le rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú. Ba cheart don Choimisiún teimpléad a ghlacadh i ngníomh cur chun feidhme agus é a chur ar

*Leasú*

(45) Chun go bhféadfar an anailís post factum a dhéanamh ar an gcinneadh maidir le rialuithe teorann a athbhunú ar bhonn sealadach ag na teorainneacha inmheánacha, ba cheart é a bheith mar oibleagáid ar na Ballstáit fós tuarascáil maidir le hathbhunú na rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin a luaithe a chuireann siad deireadh leis na rialuithe. I gcás ina gcoinnítear na rialuithe ar feadh **tréimhse ar faide í ná sé mhí**, ba cheart an tuarascáil sin a chur isteach freisin tar éis **na tréimhse sé mhí sin**, agus gach **sé mhí** ina dhiaidh sin, má choimeádtar rialuithe eisceachtúla ar bun agus fad a choimeádtar na rialuithe ar bun. Ba cheart go dtabharfaí breac-chuntas sa tuarascáil, go háirithe, ar an measúnú tosaigh agus ar an measúnú leantach maidir leis an ngá atá le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha agus ar urramú na gcritéar maidir le rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú. Ba cheart don Choimisiún teimpléad a ghlacadh i ngníomh cur chun

fáil ar líne.

feidhme agus é a chur ar fáil ar líne.

## Leasú 51

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 46

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(46) Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, ní dhéanfaidh na Ballstáit idirdhealú in aghaidh daoine bunaithe ar ghnéas, *ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar ghnéaschlaonadh.*

*Leasú*

(46) Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, ní dhéanfaidh na Ballstáit idirdhealú in aghaidh daoine bunaithe ar ghnéas, *cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.*

## Leasú 52

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 47

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(47) *Bainfidh* na húdaráis inniúla *úsáid as a gcumhachtaí seiceálacha a dhéanamh laistigh den chríoch agus cuirfidh siad nósanna imeachta ábhartha i bhfeidhm agus lánurraim á tabhairt do* na rialacha maidir le cosaint sonraí faoi dhlí an Aontais. Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó ag Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis náisiúnta inniúla chun críocha an Rialacháin seo, de réir a raon feidhme faoi seach.

*Leasú*

(47) *Déanfaidh* na húdaráis inniúla *dá dtagraítear sa Rialachán seo* na rialacha maidir le cosaint sonraí faoi dhlí an Aontais *a urramú go hiomlán ina ngníomhaíochtaí uile a dhéantar i gcomhréir leis an Rialachán seo.* Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó ag Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis náisiúnta inniúla chun críocha an Rialacháin seo, de réir a raon feidhme faoi seach.

## Leasú 53

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 56

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(56) Dá bhrí sin, **ba cheart** Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 agus **Treoir 2008/115/CE** a leasú dá réir,

*Leasú*

(56) **Ba cheart**, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 2016/2011 a leasú dá réir,

## Leasú 54

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

12. Ciallaíonn ‘faireachas ar theorainneacha’ faireachas a dhéanamh ar theorainneacha idir pointí trasnaithe agus ar phointí trasnaithe teorann lasmuigh d’uairanta oscailte seasta, **lena n-áirítear bearta coiscitheacha** chun trasnuithe teorann neamhúdaraitha a **bhrath agus a chosc** nó daoine ag teacht timpeall ar sheiceálacha teorann a **bhrath** agus a **chosc**.

## Leasú 55

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe b**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 27

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

27. **D’fhéadfadh staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh a theacht chun cinn i gcás ina dtionscnaíonn tríú tír sreabha imirce neamhrialta isteach san Aontas trí ghluaiseacht náisiúnach tríú tír chuig teorainneacha seachtracha na mBallstát a spreagadh nó a éascú go gníomhach, is é sin isteach ina chríoch féin i dtosach báire nó ag teacht óna chríoch féin agus**

*Leasú*

12. Ciallaíonn ‘faireachas ar theorainneacha’ faireachas a dhéanamh ar theorainneacha idir pointí trasnaithe agus ar phointí trasnaithe teorann lasmuigh d’uairanta oscailte seasta chun trasnuithe teorann neamhúdaraitha a chosc nó daoine ag teacht timpeall ar sheiceálacha teorann a **chosc**, agus **chun feasacht staide a sholáthar**.

*Leasú*

**scriosta**

*ansin ar aghaidh chuig na teorainneacha seachtracha sin, i gcás ina léiríonn na gníomhaíochtaí sin rún chun an tAontas nó Ballstát a dhíchobhsú, agus i gcás ina bhféadfadh na gníomhaíochtaí sin feidhmeanna bunriachtanacha Stáit a chur i mbaol, lena n-áirítear a iomláine chríochach, caomhnú rialach agus reachta, nó cosaint a shlándála náisiúnta.*

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe b**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 27 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*27a. ciallaíonn ‘éigeandáil sláinte poiblí ar mórsála’ éigeandáil sláinte poiblí inar gá comhordú a dhéanamh ar leibhéal an Aontais mar gheall ar bhagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte chun ardleibhéal cosanta don tsláinte phoiblí a áirithiú, arna aithint ag an gCoimisiún ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2371;*

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 5 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(2) in Airteagal 5, cuirtear mír 4 nua isteach:*

*scriosta*

*‘4. I gcás ina ndéanfar imircigh a ionstraimiú, féadfaidh na Ballstáit teorainn a chur le líon na bpointí trasnaithe teorann arna bhfógairt de bhun mhír 1 nó a n-uaireanta oscailte i*

*gcás inar gá sin de réir na gcúinsí.*

*Déanfar aon teorainneacha arna nglacadh de bhun na chéad fhomhíre a chur chun feidhme ar bhealach atá comhréireach agus ina gcuirfear na cearta seo a leanas san áireamh go hiomlán:*

*(a) daoine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais;*

*(b) náisiúnaigh tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad faoi Threoir 2003/109/CE ón gComhairle<sup>56</sup>, daoine a dhíorthaíonn a gceart chun cónaí ó ionstraimí eile de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta nó a bhfuil víosáí fadtéarmacha náisiúnta acu, chomh maith lena mbaill teaghlaigh faoi seach;*

*(c) náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu.'*

---

*<sup>56</sup> Treoir 2003/109/EC ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (IO L 16, 23.1.2004, lch. 44).*

## **Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 13 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Is é an príomhchuspóir atá leis an bhfaireachas ar **teorainneacha** trasnuithe **teorann** neamhúdaraithe a **bhrath agus** chosc, an choireacht trasteorann a chomhrac agus bearta a ghlacadh i gcoinne daoine atá tar éis an teorainn a thrasnú go neamhdhleathach.

Duine a thrasnaigh teorainn go

*Leasú*

1. Is é an príomhchuspóir atá leis an bhfaireachas ar **na teorainneacha** trasnuithe neamhúdaraithe a chosc, **feasacht staide a sholáthar**, an choireacht trasteorann a chomhrac agus bearta a ghlacadh i gcoinne daoine atá tar éis an teorainn a thrasnú go neamhdhleathach.

**Gan dochar d'Airteagal 3 agus**

*neamhdhleathach* agus nach bhfuil aon cheart aige fanacht ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann, *déanfar é* a ghabháil agus a chur faoi réir *na* nósanna imeachta lena n-urramaítear Treoir 2008/115/CE.

## Leasú 59

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 13 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Bainfidh na gardaí teorann úsáid as aonaid dho-aistrithe nó aonaid shoghluaiste chun faireachas a dhéanamh ar theorainneacha.

Déanfar an faireachas sin ar bhealach a chuirfidh cosc ar dhaoine trasnuithe teorann neamhúdaraithé a dhéanamh idir pointí trasnaithe teorann agus a theacht timpeall ar na seiceálacha atá ag na pointí trasnaithe teorann, agus *ar bhealach a dhíspreagfaidh iad an dá rud sin a dhéanamh*.

## Leasú 60

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 13 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Is iad na gardaí teorann a dhéanfaidh faireachas idir pointí trasnaithe teorann agus déanfar líon agus modhanna na ngardaí sin a oiriúnú ag brath ar na rioscaí agus na bagairtí atá ann nó a mheastar a bheidh ann. Beidh athruithe minice agus tobanna ar thréimhsí

*d’Airteagal 4, déanfar* duine a thrasnaigh teorainn go *neamhrialta* agus nach bhfuil aon cheart aige fanacht ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann a ghabháil agus a chur faoi réir nósanna imeachta lena n-urramaítear Treoir 2008/115/CE.

*Leasú*

2. Bainfidh na gardaí teorann úsáid as *na hacmhainní uile is gá, lena n-áirítear* aonaid dho-aistrithe nó aonaid shoghluaiste, chun faireachas a dhéanamh ar theorainneacha.

Déanfar an faireachas sin ar bhealach a chuirfidh cosc ar dhaoine trasnuithe teorann neamhúdaraithé a dhéanamh idir pointí trasnaithe teorann agus a theacht timpeall ar na seiceálacha atá ag na pointí trasnaithe teorann, agus *na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 4 á gcomhlíonadh go hiomlán*.

*Leasú*

3. Is iad na gardaí teorann a dhéanfaidh faireachas idir pointí trasnaithe teorann agus déanfar líon agus modhanna na ngardaí sin a oiriúnú ag brath ar na rioscaí agus na bagairtí atá ann nó a mheastar a bheidh ann, *lena n-áirítear an baol don bheatha a d’fhéadfadh a bheith*

faireachais agus ar mhodhanna nó *teicníc* eile i gceist leis, ionas *go mbraithfear nó go gcoiscfear* trasnuithe teorann neamhúdaraithe *ar bhealach éifeachtach*.

*ann dóibh siúd atá ag iarraidh an teorainn a thrasnú*. Beidh athruithe minice agus tobanna ar thréimhsí faireachais agus ar mhodhanna nó *ar theicníc* eile i gceist leis, ionas *gur féidir* trasnuithe teorann neamhúdaraithe *a chosc go héifeachtach*.

## Leasú 61

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 13 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Déanfaidh aonaid dho-aistrithe nó shoghluaiste faireachas, a chomhlíonfaidh a ndualgais trí patrólú nó trí iad féin a lonnú in áiteanna arb eol go bhfuil siad íogair nó a mheastar a bheith íogair, agus é mar aidhm leis an bhfaireachas sin trasnuithe teorann neamhúdaraithe a chosc nó daoine aonair a thrasnaíonn an teorainn go *neamhdhleathach* a ghabháil. Féadfar faireachas a dhéanamh freisin trí mhodhanna teicniúla, lena n-áirítear modhanna leictreonacha, trealamh agus córais faireachais.

*Leasú*

4. Déanfaidh aonaid dho-aistrithe nó shoghluaiste faireachas, a chomhlíonfaidh a ndualgais trí patrólú nó trí iad féin a lonnú in áiteanna arb eol go bhfuil siad íogair nó a mheastar a bheith íogair, agus é mar aidhm leis an bhfaireachas sin trasnuithe teorann neamhúdaraithe a chosc nó daoine aonair a thrasnaíonn an teorainn go *neamhrialta* a ghabháil. Féadfar faireachas a dhéanamh freisin trí mhodhanna teicniúla, lena n-áirítear modhanna leictreonacha, trealamh agus córais faireachais, *i gcás ina ndéanfar é i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán a bheidh ann amach anseo ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagfar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (an Gníomh um an Intleacht Shaorga).*

## Leasú 62

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 13 – mír 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. *I gcás ina ndéanfar imircigh a*

*Leasú*

*scriosta*



*ionstraimiú, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann dlús leis an bhfaireachas ar theorainneacha de réir mar is gá chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt mhéadaithe. Go háirithe, cuirfidh an Ballstát feabhas, de réir mar is iomchuí, ar na hacmhainní agus ar na modhanna teicniúla chun cosc a chur ar thrasnú neamhúdaraithe na teorann.*

*Féadfar a áireamh ar na modhanna teicniúla sin teicneolaíochtaí nua-aimseartha lena n-áirítear ladraínn agus braiteoirí gluaisne, chomh maith le haonaid shoghluaiste chun trasnuithe teorann neamhúdaraithe isteach san Aontas a chosc.*

## Leasú 63

### Togra le haghaidh rialacháin

#### Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 13 – mír 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Gan dochar don tacaíocht a fhéadfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta a chur ar fáil do na Ballstáit, *i staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh*, féadfaidh an Ghníomhaireacht measúnú leochaileachta a dhéanamh dá bhforáiltear in Airteagal 10(1), pointe (c) agus Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>57</sup>, d'fhonn an tacaíocht is gá a chur ar fáil don Bhallstát lena mbaineann.

Ar bhonn thorthaí an mheasúnaithe sin nó aon mheasúnaithe leochaileachta ábhartha eile nó má shanntar leibhéal tionchair géibheannach don chuid den teorainn lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 35(1)(d) de Rialachán (AE) 2019/1896, déanfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin na

*Leasú*

6. Gan dochar don tacaíocht a fhéadfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta a chur ar fáil do na Ballstáit, *i gcás ina n-athbhunóidh Ballstát rialuithe teorann inmheánaí ar bhonn Airteagal 25(1)(c)*, féadfaidh an Ghníomhaireacht, *arna iarraidh sin don Bhallstát sin*, measúnú leochaileachta a dhéanamh dá bhforáiltear in Airteagal 10(1), pointe (c) agus Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>57</sup>, d'fhonn an tacaíocht is gá a chur ar fáil don Bhallstát lena mbaineann.

Ar bhonn thorthaí an mheasúnaithe sin nó aon mheasúnaithe leochaileachta ábhartha eile nó má shanntar leibhéal tionchair géibheannach don chuid den teorainn lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 35(1)(d) de Rialachán (AE) 2019/1896, déanfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin na

Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta moltaí, i gcomhréir le hAirteagal 41(1) den Rialachán sin, chuig aon Bhallstát lena mbaineann.

Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta moltaí, i gcomhréir le hAirteagal 41(1) den Rialachán sin, chuig aon Bhallstát lena mbaineann.

---

<sup>57</sup> Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624, IO L 295, 14.11.2019, lch. 1.

---

<sup>57</sup> Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624, IO L 295, 14.11.2019, lch. 1.

## Leasú 64

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 13 – mír 7

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 37 maidir le bearta breise lena rialaítear faireachas, lena n-áirítear forbairt caighdeán maidir le faireachas ar theorainneacha, go háirithe úsáid teicneolaíochtaí faireachais agus faireacháin ag na teorainneacha seachtracha, agus cineál na dteorainneacha, na leibhéil tionchair a sannadh do gach cuid den teorainn sheachtrach i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1896 agus tosca ábhartha eile á gcur san áireamh.

## Leasú 65

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – an chuid réamhráiteach**

*Leasú*

7. ***Chun críocha mhír 4***, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 37 maidir le bearta breise lena rialaítear faireachas, lena n-áirítear forbairt caighdeán maidir le faireachas ar theorainneacha, go háirithe úsáid teicneolaíochtaí faireachais agus faireacháin ag na teorainneacha seachtracha, ***i gcomhréir leis na toirmisc, na coimircí agus na hoibleagáidí trédhearcachta a leagtar síos sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga, agus cineál na dteorainneacha, na leibhéil tionchair a sannadh do gach cuid den teorainn sheachtrach i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1896 agus tosca ábhartha eile á gcur san áireamh.***

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Caibidil V – teideal

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(4) Athainmnítear Caibidil V mar seo a leanas: “Bearta sonracha a bhaineann **leis na** teorainneacha seachtracha”

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – mír 1**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 21a – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le **staideanna ina sainaitníonn an Lárionad Eorpach um Ghálair a Chosc agus a Rialú nó an Coimisiún go bhfuil galar tógalach i dtír amháin nó níos mó a mbaineann baol eipidéime leis mar a shainmhínítear in ionstraimí ábhartha na hEagraíochta Domhanda Sláinte.**

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – mír 1**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 21a – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. **Féadfaidh an Chomhairle, ar bhonn togra ón gCoimisiún, rialachán cur chun feidhme a ghlacadh, lena**

*Leasú*

(4) Athainmnítear Caibidil V mar seo a leanas: “Bearta sonracha a bhaineann **le rialú ag** teorainneacha seachtracha”

*Leasú*

1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le **héigeandáil sláinte poiblí ar mórskála, i gcás inar gá comhordú a dhéanamh ar leibhéal an Aontais mar gheall ar bhagairt trasteorann thromchúiseach ar an tsláinte chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú, arna aithint ag an gCoimisiún ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí trasteorann tromchúiseacha ar an tsláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE.**

*Leasú*

2. **I gcásanna ina mbeidh éigeandáil sláinte poiblí ar mórskála ann, tabharfar de chumhacht don Choimisiún**

bhforáiltear do shrianta sealadacha ar thaisteal chuig na Ballstáit.

**gníomhartha tarmligthe** a ghlacadh **i gcomhréir le hAirteagal 37** lena bhforáiltear do shrianta sealadacha ar thaisteal chuig na Ballstáit.

## Leasú 68

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – mír 1**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 21 a – mír 2 – fómhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

D'fhéadfadh a bheith san áireamh leis na srianta sealadacha ar thaisteal sin, srianta ar dhul isteach sna Ballstáit agus bearta eile a mheastar a bheith riachtanach chun an tsláinte phoiblí a chosaint sa limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, **cuir i gcás**, tástáil, coraintín agus féin-leithlisiú.

## Leasú 69

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – mír 1**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 21 – mír 3 – pointe b a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

## Leasú 70

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – mír 1**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 21a – mír 4 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Leis an **rialachán cur chur chun feidhme** dá dtagraítear i mír 1, déanfar an méid seo a leanas i gcás inarb iomchuí:

*Leasú*

D'fhéadfadh a bheith san áireamh leis na srianta sealadacha ar thaisteal sin, srianta ar dhul isteach sna Ballstáit agus bearta eile a mheastar a bheith riachtanach chun an tsláinte phoiblí a chosaint sa limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, **amhail** tástáil, coraintín agus féin-leithlisiú.

*Leasú*

**ba) tairbhíthe cosanta idirnáisiúnta.**

*Leasú*

4. Leis an **ngníomh tarmligthe** dá dtagraítear i mír 2, déanfar an méid seo a leanas i gcás inarb iomchuí:

## Leasú 71

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – mír 1**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 21 a – mír 5a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**5a. Más rud é, i gcás éigeandála sláinte poiblí ar mórsála, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 37a maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.**

## Leasú 72

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 23 – mír 1 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

a) feidhmiú cumhachtaí póilíneachta ná cumhachtaí poiblí eile ag údaráis inniúla na mBallstát ar a gcrioch, lena n-áirítear ar a limistéir teorann inmheánaí, mar a thugtar dóibh faoin dlí náisiúnta, sa mhéid nach bhfuil an éifeacht chéanna ag feidhmiú na gcumhachtaí sin agus atá ag seiceálacha teorann.

Ní **mheasfar gurb ionann** feidhmiú a gcumhachtaí ag údaráis inniúla, go háirithe, **agus** seiceálacha teorann **a dhéanamh nuair is fíor an méid** seo a leanas **maidir leis na bearta**:

a) feidhmiú cumhachtaí póilíneachta ná cumhachtaí poiblí eile ag údaráis inniúla na mBallstát ar a gcrioch, lena n-áirítear ar a limistéir teorann inmheánaí, mar a thugtar dóibh faoin dlí náisiúnta, sa mhéid nach bhfuil an éifeacht chéanna ag feidhmiú na gcumhachtaí sin agus atá ag seiceálacha teorann.

**Feidhmiú sin na gcumhachtaí póilíneachta nó cumhachtaí poiblí eile ag údaráis inniúla na mBallstát ar a gcrioch, go háirithe ina limistéir teorann, ní bheidh tionchar díréireach aige ar an sreabhadh tráchta rianúil ag pointí trasnaithe bóthair ag teorainneacha inmheánacha, go háirithe, tionchar as a dtiocfaidh tréimhsí feithimh iomarcacha. De réir bhrí na chéad fhomhíre, ní fhéadfar** feidhmiú a gcumhachtaí ag

údaráis inniúla *a mheas*, go háirithe, *a bheith coibhéiseach le feidhmiú na* seiceálacha teorann *sna cásanna* seo a leanas:

## Leasú 73

### Togra le haghaidh rialacháin

#### Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 23 – mír 1 – pointe a – pointe ii

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

ii) tá siad bunaithe ar fhaisnéis ghinearálta agus ar thaithí ghinearálta na n-údarás inniúil maidir le bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don tslándáil phoiblí nó don bheartas poiblí agus tá sé d'aidhm acu, go háirithe, an méid seo a leanas a dhéanamh:

*Leasú*

ii) tá siad bunaithe ar fhaisnéis ghinearálta *forfheidhmithe dlí* agus ar thaithí ghinearálta na n-údarás inniúil maidir le bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don tslándáil phoiblí nó don bheartas poiblí agus tá sé d'aidhm acu, go háirithe, an méid seo a leanas a dhéanamh:

## Leasú 74

### Togra le haghaidh rialacháin

#### Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 23 – mír 1 – pointe a – pointe ii – fleasc 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

— *cónaí* neamhrialta nó *fanacht neamhrialta* a *chomhrac*, *rudaí a bhaineann leis an imirce neamhrialta*; nó

*Leasú*

— *imirce* neamhrialta a *laghdú*; nó

## Leasú 75

### Togra le haghaidh rialacháin

#### Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 23 – mír 1 – pointe a – pointe iv– fleasc 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

— leathadh galair thógálaigh a

*Leasú*

— leathadh galair thógálaigh a

mbaineann baol eipidéime leis a shrianadh, arna **bhraith** ag an Lárionad Eorpach um Rialú Galar;

mbaineann baol eipidéime leis a shrianadh, arna **shainaithint** ag an Lárionad Eorpach um Rialú Galar;

## Leasú 76

### Togra le haghaidh rialacháin

#### Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 23 – mír 1 – pointe a – pointe iv

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

iv) déantar iad, i gcás inarb iomchuí, ar bhonn teicneolaíochtaí faireacháin agus faireachais a úsáidtear go ginearálta sa chríoch, chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí **don** tslándáil phoiblí **nó don bheartas poiblí** mar a leagtar amach faoi phointe ii);

*Leasú*

iv) déantar iad, i gcás inarb iomchuí, ar bhonn teicneolaíochtaí faireacháin agus faireachais a úsáidtear go ginearálta sa chríoch, **i gcomhréir leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga agus i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta**, chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí **ar an** tslándáil phoiblí mar a leagtar amach faoi phointe ii).

***Ní áireofar san fhaisnéis ghinearálta forfheidhmithe dlí dá dtagraítear sa dara fomhír, pointe ii), faisnéis a bhailítear trí shonraí atá ar fáil i bhfoinsí sonraí éagsúla nó i bhformáidí éagsúla sonraí a phróiseáil go huathoibríoch chun treochtaí a bhaineann le himirce agus trasnuithe teorann a thuar;***

## Leasú 77

### Togra le haghaidh rialacháin

#### Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 23 – mír 1 – pointe e

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

e) **seiceálacha chun críocha slándála ar shonraí paisinéirí i mbunachair sonraí ábhartha maidir le daoine atá ag taisteal sa limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, seiceálacha gur féidir leis na húdaráis inniúla a**

*Leasú*

**scriosta**



*dhéanamh faoin dlí is infheidhme.*

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 23a – teideal

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Nós imeachta maidir le daoine a ghabhtar  
**ag na teorainneacha inmheánacha a**  
**aistriú**

*Leasú*

Nós imeachta maidir le **haistriú féideartha**  
daoine a ghabhtar **i gcóngar na**  
**dteorainneacha** inmheánacha

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 23a – mír 1 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le náisiúnach tríú tír a ghabháil i gcóngar teorainneacha inmheánacha, i gcásanna ina gcomhlíontar **gach ceann de** na coinníollacha seo a leanas:

*Leasú*

1. **Gan dochar d’Airteagal 22**, tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le náisiúnach tríú tír **atá ag fanacht go neamhrialta** a ghabháil i gcóngar teorainneacha inmheánacha, i gcásanna ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 23a – mír 1 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

a) **(c) níl na coinníollacha maidir le dul isteach a leagtar síos in Airteagal 6(1) á gcomhlíonadh nó á gcomhlíonadh a thuilleadh ag an náisiúnach tríú tír lena mbaineann;**

*Leasú*

**scriosta**

## Leasú 81

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 23a – mír 1 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**b) ní chumhdaítear an náisiúnach tríú tír leis an maolú a leagtar síos in Airteagal 6(5) pointe (a);**

*scriosta*

## Leasú 82

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 23a – mír 1 – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**c) gabhtar an náisiúnach tríú tír mar chuid *de* chomhar póilíneachta *oibríochtúil* trasteorann, *go háirithe le linn comhphatról póilíneachta*;**

**c) gabhtar an náisiúnach tríú tír *le linn patróil chomhpháirteacha póilíneachta* mar chuid *den* chomhar *oibríochtúil* póilíneachta trasteorann;**

## Leasú 83

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 23a – mír 1 – pointe d

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**d) tá tásca soiléire ann gur tháinig an náisiúnach tríú tír go díreach ó Bhallstát eile, ar bhonn faisnéise atá ar fáil láithreach do na húdaráis gabhála, lena n-áirítear ráitis ón duine lena mbaineann, doiciméid chéannachta, doiciméid taistil nó doiciméid eile *a aimsíodh* ar an duine sin nó torthaí na gcuardach a rinneadh i mbunachair sonraí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta**

**d) tá tásca soiléire ann gur tháinig an náisiúnach tríú tír go díreach ó Bhallstát eile, ar bhonn faisnéise atá ar fáil láithreach do na húdaráis gabhála, lena n-áirítear ráitis ón duine lena mbaineann, doiciméid chéannachta, doiciméid taistil nó doiciméid eile ar *leis* an duine sin *iad* nó torthaí na gcuardach a rinneadh i mbunachair sonraí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta agus ar**

agus ar leibhéal an Aontais.

leibhéal an Aontais;

## **Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 23a – mír 1 – pointe d a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*da) ní dhearna an Ballstát a bhfuil sé beartaithe aige leas a bhaint as an nós imeachta rialú teorann inmheánaí a athbhunú nó a fhadú i gcomhréir le hAirteagal 25a;*

## **Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 23a – mír 1 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

- 1a. Ní bheidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar síos i mír 1 maidir leis na catagóirí daoine seo a leanas:*
- a) mionaoisigh neamhthionlactha;*
  - b) mionaoisigh agus baill dá dteaghlach a thagann le chéile ó Bhallstát eile;*
  - c) náisiúnaigh tríú tír a bhfuil ceadanna cónaithe fadtéarmacha AE acu agus baill dá dteaghlaigh i gcomhréir le Treoir 2003/109/CE ón gComhairle maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad;*
  - d) baill teaghlaigh shaoránaigh an Aontais a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu i gcomhréir le Treoir 2004/38;*
  - e) náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil*

*víosa fadfhanachta bhailí acu agus a mbaill teaghlaigh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;*

*f) náisiúnaigh tríú tír a bhfuil víosa ghearrfhanachta bailí acu;*

*g) náisiúnaigh tríú tíortha atá i dteideal taisteal gan víosa laistigh de Limistéar Schengen ar feadh tréimhse 90 lá in aon tréimhse 180 lá, a mhéid nach ndeachaigh siad thar an tréimhse 90 lá sin;*

*h) iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagal 4 de Rialachán xxx/xxx (an Rialachán maidir le Níosanna Imeachta Tearmainn)<sup>1a</sup> agus tairbhíthe cosanta idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagal 2 de Rialachán xxx/xxx (an Rialachán Cáilitheachta) <sup>1b</sup>.*

*Maidir le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta nó tairbhíthe cosanta idirnáisiúnta a ghabhtar le linn patróil chomhpháirteacha póilíneachta mar chuid de chomhar oibríochtúil trasteorann póilíneachta, beidh feidhm ag forálacha ábhartha Rialachán xx/xxx (an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce)<sup>1c</sup>, go háirithe Airteagal [31] de.*

---

*<sup>1a</sup> Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle .../... an ... lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (IO ...).*

*<sup>1a</sup> Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle .../... an ... maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe cosanta idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a dheonaítear, agus lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir*

*le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (IO ...).*

*<sup>1c</sup> Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle .../... an ... maidir le bainistiú tearmainn agus imirce agus lena leasaítear Treoir (CE) 2003/109 ón gComhairle agus an Rialachán (AE) XXX/XXX atá beartaithe [an Ciste Tearmainn agus Imirce] (IO ...).*

## Leasú 86

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 23a – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Féadfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit, ar bhonn cinneadh nach bhfuil aon cheart ag an náisiúnach tríú tír lena mbaineann fanacht ar a chríoch, cinneadh a dhéanamh an duine a aistriú láithreach chuig an mBallstát óna ndeachaigh an duine isteach nó ar fhéach sé nó sí le hiontráil, i gcomhréir leis an nós imeachta **a leagtar** amach in Iarscríbhinn XII.

*Leasú*

2. Féadfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit, ar bhonn cinneadh nach bhfuil aon cheart ag an náisiúnach tríú tír lena mbaineann fanacht ar a chríoch, cinneadh a dhéanamh an duine a aistriú láithreach chuig an mBallstát óna ndeachaigh an duine isteach nó ar fhéach sé nó sí le hiontráil, **ar choinníoll nach bhfuil feidhm ag mír 1a agus go bhfuil údaráis phóilíneachta ón mBallstát is faighteoir rannpháirteach i bpatróil chomhpháirteacha póilíneachta, i** gcomhréir leis an nós imeachta **atá leagtha** amach in Iarscríbhinn XII. **Tá an t-aistriú sin gan dochar an Rialachán seo d’Airteagal 6(3) de Threoir 2008/115/CE.**

## Leasú 87

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 23a – mír 2 a (nua)

**2a.** *Beidh an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair cúirte nó binse ag náisiúnach tríú tír, dá ndíoltófar an ceart fanacht i mBallstát i gcomhréir leis an Airteagal seo. Déanfar aon achomharc i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Áiríteoidh na Ballstáit go dtabharfar faisnéis i scríbhinn don náisiúnach tríú tír faoi na pointí teagmhála ar féidir leo faisnéis a sholáthar maidir le hionadaithe atá inniúil ar ghníomhú ar son náisiúnach tríú tír, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus tabharfar an fhaisnéis sin dó i dteanga a thuigeann sé nó i dteanga a mbeifear ag súil leis go réasúnta go dtuigfidh sé. Ní bheidh éifeacht fionraíochta ag achomharc den sórt sin a thaisceadh.*

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 23a – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. I gcás ina gcuirfidh Ballstát an nós imeachta dá dtagraítear i mír 2 i bhfeidhm, beidh *sé* de cheangal ar an mBallstát glactha gach beart is gá a dhéanamh chun an náisiúnach tríú tír lena mbaineann a **fháil** i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn XII.

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**

*Leasú*

3. I gcás ina gcuirfidh Ballstát an nós imeachta dá dtagraítear i mír 2 i bhfeidhm, beidh de cheangal ar an mBallstát glactha gach beart is gá a dhéanamh chun an náisiúnach tríú tír lena mbaineann **atá ag fanacht go neamhrialta a ghlacadh** i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn XII.

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 23a – mír 3 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3a.** *I gcomhthéacs cuairteanna gan réamhfhógra de bhun Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle<sup>1a</sup>, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar chur chun feidhme an nós imeachta a leagtar síos san Airteagal seo.*

---

<sup>1a</sup> *Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 (IO L 160, 15.6.2022, lch. 1).*

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 23a – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. **Ón** [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin] agus **go** bliantúil ina dhiaidh sin, cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin na sonraí arna dtairfeadh i gcomhréir le pointe 3 d'Iarscríbhinn XII, maidir le cur i bhfeidhm **mhíreanna 1, 2 agus 3**.

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 2 – pointe a

*Leasú*

4. **Ó** [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin] agus **ar bhonn** bliantúil ina dhiaidh sin, cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin na sonraí arna dtairfeadh i gcomhréir le pointe 3 d'Iarscríbhinn XII, maidir le cur i bhfeidhm **mhíreanna 1, 2, 2a agus 3**.



*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) **gníomhaíochtaí a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht nó leis an gcoireacht** eagraithe;

*Leasú*

(a) **bagairt aitheanta láithreach ó ghníomhartha sceimhlitheoireachta nó ó ghníomhaíochtaí coireachta** eagraithe **tromchúisí**;

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 2 – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) staid **arb é a príomhthréith gluaiseachtaí** neamhúdaraíthe mórsála **náisiúnach** tríú tír idir **na** Ballstáit, rud a chuireann feidhmiú foriomlán an limistéir gan rialú **ag teorainneacha inmheánacha** i mbaol;

*Leasú*

(c) staid **eisceachtúil ina dtarlaíonn gluaiseacht** neamhúdaraíthe **ar** mórsála **gan choinne ag náisiúnaigh** tríú tír idir Ballstáit, rud a chuireann feidhmiú foriomlán an limistéir gan rialú **teorann inmheánaí** i mbaol;

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 25 – mír 2 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ní fhéadfar rialuithe teorann a bhunú ach amháin de bhun Airteagail 25a agus 28 i gcás ina bhfuil sé suite ag Ballstát go bhfuil an beart sin riachtanach agus comhréireach, agus na critéir dá dtagraítear in Airteagal 26(1) á gcur san áireamh, agus, i gcás ina gcuirtear síneadh leis na rialuithe sin, **na critéir** dá dtagraítear in Airteagal 26(2) freisin. Féadfar rialuithe teorann a athbhunú freisin i gcomhréir le hAirteagal 29, agus na critéir dá dtagraítear in Airteagal 30 á gcur san áireamh.

*Leasú*

Ní fhéadfar rialuithe teorann a bhunú **nó a fhadú** ach amháin de bhun Airteagail 25a agus 28 i gcás ina bhfuil sé suite ag Ballstát go bhfuil an beart sin riachtanach agus comhréireach, agus na critéir dá dtagraítear in Airteagal 26(1) á gcur san áireamh, agus, i gcás ina gcuirtear síneadh leis na rialuithe sin, **an measúnú riosca** dá dtagraítear in Airteagal 26(2) freisin. Féadfar rialuithe teorann a athbhunú freisin i gcomhréir le hAirteagal 29, agus na critéir dá dtagraítear in Airteagal 30 á gcur san áireamh.

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 25 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3. I gcás ina bhfuil an bhagairt chéanna fós ann, féadfar síneadh a chur le rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha i gcomhréir le hAirteagail 25a, 28 nó 29.**

*scriosta*

*Measfar an bhagairt chéanna a bheith ann i gcás ina bhfuil an t-údar a thug an Ballstát maidir le síneadh a chur le rialuithe teorann bunaithe ar chinneadh a dhéanamh go bhfuil an bhagairt chéanna ann a raibh bonn cirt leis na rialuithe teorann a athbhunú ar dtús.*

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 25a – teideal

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Nós imeachta i ndáil le *cásanna ina n-éilítear beart i ngeall ar theagmhais neamh-intuartha nó intuartha***

**Nós imeachta i ndáil le *rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú ar bhonn sealadach***

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 25a – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. **Agus rialú teorann á athbhunú faoi mhír 1**, tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir le **hathbhunú** rialuithe teorann, i gcomhréir le hAirteagal 27(1).

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 25a – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. I gcás inarb intuartha bagairt thromchúiseach don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach i mBallstát, cuirfidh an Ballstát an Coimisiún agus na Ballstáit eile **agus an gCoimisiún** ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 27(1), laistigh de cheithre seachtaine ar a dhéanaí roimh an dáta atá beartaithe d'athbhunú na rialuithe teorann, nó laistigh de thréimhse níos giorra i gcás ina bhfuil na cúinsí is cúis leis an ngá le rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar eolas níos lú ná ceithre seachtaine roimh an dáta atá beartaithe don athbhunú.

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 25a – mír 5

*Leasú*

2. Tabharfaidh an Ballstát fógra **do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don** Choimisiún agus do na Ballstáit eile, **an tráth le rialú teorann a athbhunú faoi mhír 1**, maidir le rialuithe teorann **a athbhunú**, i gcomhréir le hAirteagal 27(1).

*Leasú*

4. I gcás inarb intuartha bagairt thromchúiseach don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach i mBallstát, **féadfaidh an Ballstát, mar rogha dheiridh, rialú teorann inmheánaí ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú i gcomhréir leis an Airteagal seo.** Cuirfidh an Ballstát **sin Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an** Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 27(1), laistigh de cheithre seachtaine ar a dhéanaí roimh an dáta atá beartaithe d'athbhunú na rialuithe teorann, nó laistigh de thréimhse níos giorra i gcás ina bhfuil na cúinsí is cúis leis an ngá le rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar eolas níos lú ná ceithre seachtaine roimh an dáta atá beartaithe don athbhunú.

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Chun críocha mhír 4, agus gan dochar d'Airteagal 27a(4), féadfar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar feadh tréimhse **suas le sé** mhí. I gcás ina mbeidh bagairt thromchúiseach ann ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach tar éis na tréimhse sin, féadfaidh an Ballstát an rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a fhadú ar feadh tréimhsí in-athnuaithe suas le **sé** mhí.

Cuirfear aon **síneadh** in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile i gcomhréir le hAirteagal 27 agus laistigh de na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 4. Faoi réir Airteagal 27a(5), ní rachaidh uasfhad an rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha thar **dhá bhliain**.

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 25a – mír 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. **Ní áireofar tréimhsí dá dtagraítear i mír 3 sa tréimhse dá dtagraítear i mír 5.**

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 26 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Chun a shuí an bhfuil sé riachtanach agus comhréireach rialú

*Leasú*

5. Chun críocha mhír 4, agus gan dochar d'Airteagal 27a(4), féadfar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar feadh tréimhse **nach faide ná 3** mhí. I gcás ina mbeidh bagairt thromchúiseach ann ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach tar éis na tréimhse sin, féadfaidh an Ballstát an rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a fhadú ar feadh tréimhsí in-athnuaithe suas le **3** mhí.

Cuirfear aon **fhadú** in iúl **do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don** Choimisiún agus do na Ballstáit eile i gcomhréir le hAirteagal 27 agus laistigh de na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 4. Faoi réir Airteagal 27a(5), ní rachaidh uasfhad an rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha thar **18 mí**.

*Leasú*

**scriosta**

*Leasú*

1. Chun a shuí an bhfuil sé riachtanach agus comhréireach rialú

teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú i gcomhréir le hAirteagal 25, déanfaidh Ballstát na nithe seo a leanas a mheas go háirithe:

teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú *nó a fhadú* i gcomhréir le hAirteagal 25, déanfaidh Ballstát na nithe seo a leanas a mheas *ar dtús* go háirithe:

## Leasú 101

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 26 – mír 1 – pointe a a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(aa) an dócha go ndéanfaidh athbhunú rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha an bhagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach a leigheas go leordhóthanach.*

## Leasú 102

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 26 – mír 1 – pointe a b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ab) an dócha go ndéanfaidh bearta seachas athbhunú sealadach rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha an bhagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach a leigheas go leordhóthanach;*

## Leasú 103

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 26 – mír 1 – pointe a c (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(ac) bearta malartacha a úsáid amhail seiceálacha póilíneachta comhréireacha a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 23;***

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 26 – mír 1 – pointe a d (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(ad) úsáid an nóis imeachta a leagtar síos in Airteagal 23a;***

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 26 – mír 1 – pointe a e (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(ae) cineálacha eile comhair póilíneachta dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais, lena n-áirítear maidir le hábhair amhail patróil chomhpháirteacha, oibríochtaí comhpháirteacha, foirne comhpháirteacha um imscrúdú, tóir thrasteorann nó faireachas trasteorann;***

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 26 – mír 1 – pointe a f (nua)

**(af) comhréireacht athbhunú sealadach an rialaithe teorann i ndáil leis an mbagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí agus ar an tslándáil inmheánach trí thionchar beart den sórt sin ar gach ceann díobh seo a leanas a chur san áireamh:**

**(i) saorghluaiseacht daoine laistigh den limistéar gan rialú teorann inmheánaí;**

**(ii) feidhmiú na réigiún trasteorann, agus na naisc láidre shóisialta agus eacnamaíocha eatarthu á gcur san áireamh; and**

**(iii) prionsabal an neamh-idirdhealaithe.**

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 26 – mír 1 – pointe b**

**(b) an tionchar is dócha a bheidh ag beart den sórt sin ar an méid seo a leanas:**

**scriosta**

— **gluaiseacht daoine laistigh den limistéar gan rialú teorann inmheánacha agus**

— **feidhmiú na réigiún trasteorann, agus na naisc láidre shóisialta agus eacnamaíocha eatarthu á gcur san áireamh.**

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**



Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 26 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. I gcás ina gcinneann Ballstát ***síneadh a chur leis*** an rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha de bhun Airteagal 25a(5), déanfaidh sé measúnú ***mionsonraithe freisin an bhféadfaí cuspóirí an tsínidh sin a bhaint amach a bhuí leis na nithe seo a leanas:***

*Leasú*

2. I gcás ina gcinneann Ballstát an rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha ***a fhadú*** de bhun Airteagal 25a(5) ***thar thréimhse 6 mhí***, déanfaidh sé measúnú ***riosca ina n-áireofar athmheasúnú ar na critéir a leagtar síos sa chéad mhír den Airteagal seo.***

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 26 – mír 2 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

a) ***úsáid beart malartach amhail seiceálacha comhréireacha a dhéantar i gcomhthéacs fheidhmiú dleathach cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 23 pointe (a);***

*Leasú*

*scriosta*

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 26 – mír 2 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

b) ***úsáid an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 23a;***

*Leasú*

*scriosta*

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**c) cineálacha comhair póilíneachta dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais, lena n-áirítear maidir le hábhair amhail patróil chomhpháirteacha, oibríochtaí comhpháirteacha, foirne comhpháirteacha um imscrúdú, tóir thrasteorann, nó faireachas trasteorann.**

**scriosta**

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 26 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. Sa bhreis ar na heilimintí a leagtar síos in Airteagal 26(1), áireofar an méid seo a leanas sa mheasúnú riosca:**

**(a) scála agus éabhlóid réamh-mheasta na bagartha tromchúisí a sainaitníodh;**

**(b) faisnéis maidir leis an bhfad a mheastar a mhairfidh an bhgairt thromchúiseach a sainaitníodh agus cé na codanna de na teorainneacha inmheánacha a ndéanfar difear dóibh nó a bhfuil an baol ann go ndéanfar difear dóibh;**

**(c) faisnéis maidir le bearta comhordaithe le Ballstáit eile a mbeidh tionchar ag bearta den sórt sin orthu nó ar dócha go mbeidh tionchar acu orthu;**

**(d) na bearta atá déanta ag an mBallstát lena mbaineann agus a bhfuil sé ar intinn aige a dhéanamh chun an bhgairt a mhaolú, d'fhonn deireadh a chur le rialuithe teorann inmheánaí chun prionsabal na saorghluaiseachta a**

*athbhunú.*

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 26 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. I gcás inar athbhunaíodh nó inar cuireadh síneadh le rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha, áiritheoidh na Ballstáit lena mbaineann, i gcás inar gá, go mbeidh bearta iomchuí ag gabháil leo a mhaolóidh na tionchair a bheidh ag athbhunú rialuithe teorann ar dhaoine agus ar iompar earraí, agus aird ar leith á tabhairt ar na *réigiúin* trasteorann.

*Leasú*

3. I gcás inar athbhunaíodh nó inar cuireadh síneadh le rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha, áiritheoidh na Ballstáit lena mbaineann, i gcás inar gá, go mbeidh bearta iomchuí ag gabháil leo a mhaolóidh na tionchair a bheidh ag athbhunú rialuithe teorann ar dhaoine agus ar iompar earraí, agus aird ar leith á tabhairt ar *leochaileachtaí sonracha* na *réigiúin* trasteorann.

*I gcás inar cuireadh fadú níos faide ná 6 mhí le rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha, pléifear riachtanas, comhréireacht agus fad na rialuithe sin i bhFóram Schengen a thionólfar chun na críche sin.*

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 27 – mír 1 – fomhír 1 – pointe e

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) *na cúinsí* maidir leis an ngá agus *leis an gcomhréireacht* dá dtagraítear in Airteagal 26(1) agus, i gcás *sínidh*, in Airteagal 26(2);

*Leasú*

(e) *an measúnú* maidir leis an ngá agus *an chomhréireacht* dá dtagraítear in Airteagal 26(1) agus, i gcás *fadú níos faide ná 6 mhí*, *an measúnú riosca dá dtagraítear* in Airteagal 26(2);

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 27 – mír 1 – fómhír 1 – pointe f

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(f) i gcás inarb iomchuí, na bearta atá le glacadh ag **na** Ballstáit eile.

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 27 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. I gcás ina bhfuil rialuithe teorann i bhfeidhm **le sé** mhí i gcomhréir le hAirteagal 25a(4), áireofar measúnú riosca in aon fhógra ina dhiaidh sin maidir le **síneadh** a chur **leis na** rialuithe sin. **Cuirfear i láthair sa mheasúnú riosca scála agus forbairt réamh-mheasta na bagartha tromchúisí sainaitheanta, go háirithe an fad a mheastar a mhairfidh an bhagairt thromchúiseach shainaitheanta agus cé na codanna de na teorainneacha inmheánacha a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, mar aon le faisnéis maidir le bearta comhordaithe leis na Ballstáit eile a mbeidh tionchar ag na bearta sin orthu nó ar dócha go mbeidh tionchar ag na bearta sin orthu.**

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 27 – mír 3

*Leasú*

(f) i gcás inarb iomchuí, na bearta atá le glacadh ag Ballstáit eile.

*Leasú*

2. I gcás ina bhfuil rialuithe teorann i bhfeidhm **ar feadh 3** mhí i gcomhréir le hAirteagal 25a(4), áireofar measúnú riosca **i gcomhréir le hAirteagal 26(2)** in aon fhógra ina dhiaidh sin maidir le **fadú** a chur **le** rialuithe **den sórt** sin.

3. I gcás ina dtagraíonn athbhunú nó **síneadh** rialuithe teorann do **ghluaiseachtaí neamhúdaráithe mórscála** dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (b), cuirfear faisnéis ar fáil freisin sa mheasúnú riosca maidir le scála agus treochtaí na ngluaiseachtaí **neamhúdaráithe sin**, lena n-áirítear aon fhaisnéis a fuarthas ó ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais i gcomhréir lena sainorduithe féin agus anailís sonraí ó chórais faisnéise ábhartha.

3. I gcás ina dtagraíonn athbhunú nó **fadú** rialuithe teorann do **chás eisceachtúil amhail** dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (c), cuirfear faisnéis ar fáil freisin sa mheasúnú riosca maidir le scála agus treochtaí na ngluaiseachtaí **mórscála, tobanna gan choinne**, lena n-áirítear aon fhaisnéis a fuarthas ó ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais i gcomhréir lena sainorduithe féin agus anailís sonraí ó chórais faisnéise ábhartha.

## **Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 27 – mír 5

5. Ballstáit a thugann fógra faoi mhíreanna 1 nó 2, féadfaidh siad a chinneadh **an** fhaisnéis **a** tugadh fógra fúithi a aicmiú **ina iomláine, nó codanna di a aicmiú**, más gá sin agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

Ní chuirfidh an t-aicmiú sin bac ar rochtain ar fhaisnéis, trí bhealaí comhair póilíneachta iomchuí agus slána ag Ballstáit eile a ndéanann athbhunú sealadach rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha difear dóibh.

5. Ballstáit a thugann fógra faoi mhíreanna 1 nó 2, féadfaidh siad a chinneadh **codanna den** fhaisnéis **ar** tugadh fógra fúithi a aicmiú, más gá sin agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

Ní chuirfidh an t-aicmiú sin bac ar rochtain ar fhaisnéis, trí bhealaí comhair póilíneachta iomchuí agus slána ag Ballstáit eile a ndéanann athbhunú sealadach rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha difear dóibh **ná ar fhaisnéis a bheith á cur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa. Comhlíonfaidh tarchur agus láimhseáil na faisnéise agus na ndoiciméad a tarchuireadh chuig Parlaimint na hEorpa i gcomhréir leis an mír seo na rialacha a bhaineann le faisnéis rúnaicmithe a chur ar aghaidh agus a láimhseáil, ar rialacha iad atá infheidhme idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún.**

## Leasú 119

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 27a – mír 1 – fómhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Tar éis dó fógraí a fháil, ar fógraí iad arna gcur isteach faoi Airteagal 27(1), féadfaidh an Coimisiún próiseas comhairliúcháin a bhunú, i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear cruinnithe comhpháirteacha idir an Ballstát a bhfuil sé beartaithe aige rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó síneadh a chur leis, agus na Ballstáit eile, go háirithe iad siúd a ndéanann na bearta sin difear dóibh go díreach, agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais.

## Leasú 120

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 27a – mír 1 – fómhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Bainfidh an comhairliúchán go háirithe leis an mbagairt a sainaitníodh ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach, le **hábharthacht rialuithe teorann a athbhunú atá beartaithe ag cur** san áireamh **oiriúnacht na mbeart malartach**, chomh maith leis na bealaí chun cur chun feidhme an chomhair fhrithpháirtigh idir na Ballstáit a áirithiú i ndáil leis na rialuithe teorann a athbhunaíodh.

*Leasú*

Tar éis dó fógraí a fháil, ar fógraí iad arna gcur isteach faoi Airteagal 27(1), féadfaidh an Coimisiún próiseas comhairliúcháin a bhunú, i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear cruinnithe comhpháirteacha idir an Ballstát a bhfuil sé beartaithe aige rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó síneadh a chur leis, agus na Ballstáit eile, go háirithe iad siúd a ndéanann na bearta sin difear dóibh go díreach, agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais.  
***Beidh próiseas comhairliúcháin den sórt sin éigeantach má iarrann Ballstát amháin nó níos mó é.***

*Leasú*

Bainfidh an comhairliúchán go háirithe leis an mbagairt a sainaitníodh ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach, le **comhréireacht agus le riachtanas athbhunú beartaithe na rialuithe teorann, lena n-áirítear trí oiriúnacht beart malartach a chur** san áireamh, **le tionchar rialuithe teorann den sórt sin i gcás inar athbhunaíodh iad cheana**, chomh maith leis na bealaí chun cur chun feidhme an chomhair fhrithpháirtigh idir na Ballstáit a áirithiú i ndáil leis na rialuithe teorann a

athbhunaíodh.

## Leasú 121

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 27a – mír 1 – fomhír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

An Ballstát a bhfuil sé beartaithe aige rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a **shíneadh**, tabharfaidh sé lánaird ar thorthaí an chomhairliúcháin sin nuair a bheidh an rialú teorann ag an teorainn inmheánach á dhéanamh aige.

*Leasú*

An Ballstát a bhfuil sé beartaithe aige rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a **fhadú**, tabharfaidh sé lánaird ar thorthaí an chomhairliúcháin sin nuair a bheidh **cinneadh á dhéanamh aige an ndéanfar** rialú teorann **inmheánaí a athbhunú nó a fhadú agus nuair a bheidh an rialú teorann** ag an teorainn inmheánach á dhéanamh aige.

## Leasú 122

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 27a – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Tar éis dó fógraí a fháil arna gcur isteach maidir le **síneadh** a chur le rialú teorann ag an teorainn inmheánach faoi Airteagal 25a(4) arb é is toradh air go leantar de na rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha ar feadh **18 mí ar an iomlán**, eiseoidh an Coimisiún tuairim maidir le riachtanas agus comhréireacht na rialuithe sin **ag teorainneacha inmheánacha**.

*Leasú*

3. Tar éis dó fógraí a fháil arna gcur isteach maidir le **fadú** a chur le rialú teorann ag an teorainn inmheánach faoi Airteagal 25a(4) arb é is toradh air go leantar de na rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha ar feadh **tréimhse 9 mí**, eiseoidh an Coimisiún tuairim maidir le riachtanas agus comhréireacht na rialuithe **teorann inmheánaí** sin.

**Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad sa tuairim ón Choimisiún:**

**(a) measúnú i dtaobh an gcomhlíonann athbhunú nó fadú an rialaithe teorann inmheánaí prionsabail**



*an riachtanais agus na comhréireachta;*

*(b) measúnú ar cibé an ndearnadh iniúchadh leordhóthanach ar bhearta malartacha chun an bhagairt thromchúiseach a sainaithníodh a leigheas;*

*I gcás ina ndéanfar measúnú ar athbhunú rialaithe teorann inmheánaí agus ina measfar go bhfuil prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta comhlíonta aige, áireofar sa tuairim freisin na nithe seo a leanas:*

*(a) moltaí maidir le feabhas a chur ar an gcomhar idir na Ballstáit chun tionchar rialuithe teorann inmheánaí a theorannú;*

*(b) moltaí maidir le bearta maolaitheacha atá le déanamh ag an mBallstát lena mbaineann sula gcuirfear deireadh leis na rialuithe teorann inmheánaí;*

*(c) moltaí maidir leis na modhanna, na gníomhaíochtaí, na coinníollacha agus an amlíne d'fhonn deireadh a chur le rialuithe teorann inmheánaí.*

Leasú 123

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 27a – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. I gcás ina n-eiseofar tuairim dá dtagraítear i **míreanna 2 nó 3, féadfaidh** an Coimisiún próiseas comhairliúcháin a **bhunú** chun an tuairim a phlé leis na Ballstáit. **I gcás ina n-eiseoidh an Coimisiún nó Ballstát tuairim ina gcuirtear ábhair imní in iúl maidir leis an ngá nó leis an gcomhréireacht a bhaineann le rialuithe athbhunaithe ag teorainneacha inmheánacha, cuirfidh an**

*Leasú*

4. I gcás ina n-eiseofar tuairim dá dtagraítear i **míreanna 2 nó 3, déanfaidh** an Coimisiún próiseas comhairliúcháin a **bunú, i gcomhréir le mír 1,** chun an tuairim a phlé leis na Ballstáit.

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 27a – mír 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. I gcás ina measfaidh Ballstát go bhfuil staideanna eisceachtúla ann a thugann bonn cirt don ghá leanúnach le **rialuithe ag teorainneacha inmheánacha** a sháraíonn an uastréimhse dá dtagraítear in Airteagal 25(5), **tabharfaidh sé fógra don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 27(2). Tabharfaidh an fógra nua ón mBallstát bunús** leis an mbagairt leanúnach **don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach, agus aird á tabhairt don tuairim ón gCoimisiún a tugadh de bhun mhír 3. Eiseoidh an Coimisiún tuairim leantach.**

*Leasú*

5. I gcás ina measfaidh Ballstát go bhfuil staideanna eisceachtúla ann a thugann bonn cirt don ghá leanúnach **atá ann** le **rialú teorann inmheánaí** a sháraíonn an uastréimhse dá dtagraítear in Airteagal 25(5), **bunaithe ar an mbagairt thromchúiseach intuartha chéanna ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach a thug bonn cirt don rialú teorann inmheánaí a thabhairt isteach de bhun mhír 4, féadfaidh sé a iarraidh ar an gCoimisiún cinneadh cur chun feidhme a mholadh don Chomhairle lena n-údarófar don Bhallstát lena mbaineann an rialú teorann a fhadú thar an uastréimhse sin i ndáil** leis an mbagairt **thromchúiseach** leanúnach **sin ar an mbeartas poiblí nó ar an** tslándáil inmheánach.

***San iarraidh sin, tabharfaidh an fógra nua ón mBallstát bunús leis an mbagairt leanúnach don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach, agus aird á tabhairt don tuairim ón gCoimisiún a tugadh de bhun mhír 3 d'Airteagal 27a.***

***Ní chuirfidh an Coimisiún togra den sórt sin faoi bhráid na Comhairle ach amháin i gcás ina measfaidh sé go bhfuil bonn cirt le rialú teorann inmheánaí a fhadú sa Bhallstát sonrath mar rogha dheiridh chun leasanna coiteanna a chosaint laistigh den limistéar gan rialuithe teorann inmheánaí, agus i gcás ina bhfuil na bearta eile go léir, go háirithe na bearta dá dtagraítear in Airteagal 23 agus in Airteagal 23ú, neamhéifeachtach chun***

*an bhagairt thromchúiseach a sainaitníodh a mhaolú. Agus meastóireacht á déanamh aige ar iarraidh ó Bhallstát, cinnfidh an Coimisiún an bhfuil na critéir a leagtar síos in Airteagal 26 á gcomhlíonadh.*

*Agus cinneadh cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír á ghlacadh aici, measfaidh an Chomhairle an bhfuil bonn cirt le rialú teorann inmheánaí a fhadú sa Bhallstát sonrathach mar rogha dheiridh chun na leasanna coiteanna a chosaint laistigh den limistéar gan rialú teorann inmheánaí, agus i dtaobh an raibh na bearta eile go léir, go háirithe na bearta dá dtagraítear in Airteagal 23 agus in Airteagal 23a, neamhéifeachtach maidir leis an mbagairt thromchúiseach a sainaitníodh a mhaolú.*

*Ceadóidh an cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle fadú a chur le rialú teorann inmheánaí ar feadh uastréimhse trí mhí. Ní fhéadfar an cinneadh cur chun feidhme sin a athnuachan níos mó ná dhá uair ar feadh uastréimhse trí mhí, suas go huastréimhse iomlán naoi mí, i gcás ina measann an Ballstát lena mbaineann, ag deireadh na tréimhse ábhartha trí mhí, go bhfuil an bhagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach don bhagairt chéanna intuatha fós ann, agus gur cheart fadú breise a chur le rialuithe teorann inmheánaí.*

*Má mheasann Ballstát go bhfuil gá le hathnuachan den sórt sin, féadfaidh sé a iarraidh ar an gCoimisiún fadú suas le trí mhí ar a mhéad a mholadh don Chomhairle. Déanfaidh an Coimisiún agus, i gcás inar gá, an Chomhairle, measúnú ar iarraidh den sórt sin ar athnuachan bunaithe ar na critéir a leagtar amach sa dara fhomhír agus sa tríú fhomhír thuas agus tar éis measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht an fhadaithe sin leis na Conarthaí.*

*Agus rialuithe teorann inmheánaí á*

*bhfadú faoin gcinneadh cur chun feidhme ón gComhairle dá dtagraítear sa mhír seo, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra do na Ballstáit eile, do Pharlaimint na hEorpa agus don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 27(1).*

## Leasú 125

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 28 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. I gcás ina *suífidh* an Coimisiún go ndéanann an *bhagairt thromchúiseach chéanna don* tslandáil inmheánach nó *don bheartas* poiblí difear *do thromlach* na mBallstát, *agus* feidhmiú foriomlán an limistéir gan *teorainneacha inmheánacha á chur* i mbaol, *féadfaidh sé togra a chur faoi bhráid na Comhairle cinneadh cur chun feidhme a* ghlacadh lena n-údarófar do na Ballstáit *na* rialuithe teorann a athbhunú i gcás nach leor na bearta atá ar fáil dá dtagraítear in *Airteagail* 23 agus *23a* chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt sin.

## Leasú 126

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 28 – mír 2

*Leasú*

1. I gcás ina *bhfaighidh* an Coimisiún *iliomad fógraí i gcomhréir le hAirteagal 27(1), agus ina suífidh sé, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do níos mó ná Ballstát amháin*, go ndéanann *bagairt an-tromchúiseach ar* an tslandáil inmheánach nó *ar an mbeartas* poiblí difear *d'fhormhór* na mBallstát *ag an am céanna, ar bhealach ina gcuirfear* feidhmiú foriomlán an limistéir gan *teorainn inmheánach* i mbaol *láithreach, tabharfar de chumhacht dó, tar éis dó measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcritéar a leagtar síos in Airteagal 26, gníomhartha tarmligthe a* ghlacadh *i gcomhréir le hAirteagal 37* lena n-údarófar do na Ballstáit rialuithe teorann a athbhunú i gcás nach leor na bearta atá ar fáil dá dtagraítear in *Airteagal 23* agus *in Airteagal 23ú* chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt *thromchúiseach* sin.

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Cumhdófar leis **an gcinneadh** tréimhse suas le sé mhí agus **féadfar** é a athnuachan, ar **thogra ón gCoimisiún**, ar feadh tréimhsí breise suas le **sé mhí fad a mhairfidh an bhagairt**, agus an t-athbhreithniú dá dtagraítear i mír 5 á chur san áireamh.

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 28 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. I gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit rialuithe teorann a athbhunú nó síneadh a chur leo de bharr na bagartha dá dtagraítear i mír 1, beidh na rialuithe sin, ón tráth a thiocfaidh an **cinneadh ón gComhairle** i bhfeidhm, bunaithe ar an gcinneadh sin.

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 28 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Leis an **gcinneadh ón gComhairle** dá dtagraítear i mír 1, déanfar tagairt freisin d'aon bheart maolaitheach iomchuí a bhunófar ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais chun **laghdú a dhéanamh ar na** tionchair a bheidh ag athbhunú na rialuithe teorann.

*Leasú*

2. Cumhdófar leis **ngníomh tarmligthe** tréimhse suas le sé mhí agus **ní fhéadfar** é a athnuachan **níos mó ná 3 huairé** ar feadh tréimhsí breise suas le **6 mhí**, agus an t-athbhreithniú dá dtagraítear i mír 5 á chur san áireamh. **Ní rachaidh uastréimhsé na rialuithe teorann inmheánaí, ar bhonn na bagartha fíor-thromchúisí a sainaithníodh, thar dhá bhliain.**

*Leasú*

3. I gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit rialuithe teorann a athbhunú nó síneadh a chur leo de bharr na bagartha dá dtagraítear i mír 1, beidh na rialuithe sin, ón tráth a thiocfaidh an **gníomh tarmligthe** i bhfeidhm, bunaithe ar an gcinneadh sin.

*Leasú*

4. Leis an **ngníomh tarmligthe** dá dtagraítear i mír 1, déanfar tagairt freisin d'aon bheart maolaitheach iomchuí a bhunófar ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais chun **an** tionchair a bheidh ag athbhunú na rialuithe teorann **a íoslaghdú.**

## Leasú 129

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 28 – mír 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar **fhorbairt** na bagartha **sainaitheanta agus ar thionchar** na mbearta arna nglacadh i gcomhréir leis an **gcinneadh ón gComhairle** dá dtagraítear i mír 1, d'fhonn a mheas an bhfuil bonn cirt leis na bearta **fós**.

## Leasú 130

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 28 – mír 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile sa Chomhairle ar an eolas láithreach maidir le hathbhunú rialuithe teorann i gcomhréir leis an **gcinneadh** dá dtagraítear i mír 1.

## Leasú 131

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 31 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

*Leasú*

5. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar **bhonn rialta ar fhorás** na bagartha **arna shainaithint chomh maith le tionchar** na mbearta arna nglacadh i gcomhréir leis an **ngníomh tarmligthe** dá dtagraítear i mír 1, d'fhonn a mheas an bhfuil bonn cirt **fós** leis na bearta **agus d'fhonn a mholadh go gcuirfear deireadh leis na rialuithe teorann inmheánaí a luaithe is féidir**.

*Leasú*

6. Cuirfidh na Ballstáit **Parlaimint na hEorpa**, an Coimisiún agus na Ballstáit eile sa Chomhairle ar an eolas láithreach maidir le hathbhunú rialuithe teorann i gcomhréir leis an **ngníomh tarmligthe** dá dtagraítear i mír 1.

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. I gcás ina dtugann Ballstát fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi rialuithe teorann a athbhunú i gcomhréir le hAirteagal 27(1), ***cuirfidh sé an méid seo a leanas in iúl*** do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna:

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 31 – mír 2 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**a) *sonraí na dteorainneacha inmheánacha ina bhfuil rialú teorann le hathbhunú;***

*Leasú*

2. I gcás ina dtugann Ballstát fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi rialuithe teorann a athbhunú i gcomhréir le hAirteagal 27(1), ***tabharfaidh sé fógra*** do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna.

*Leasú*

***scriosta***

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 31 – mír 2 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**b) *na cúiseanna atá leis an athbhunú atá beartaithe;***

*Leasú*

***scriosta***

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 31 – mír 2 – pointe c



*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**c) ainmneacha na bpointí trasnaithe atá údaraithe;**

**scriosta**

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 31 – mír 2 – pointe d

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**d) dáta agus ré an athbhunaithe atá beartaithe;**

**scriosta**

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 31 – mír 2 – pointe e

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**e) i gcás inarb iomchuí, na bearta atá le glacadh ag an mBallstát eile.**

**scriosta**

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 31 – mír 3 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Féadfaidh an soláthar faisnéise a bheith faoi réir aicmiú faisnéise ag na Ballstáit de bhun *Airteagal 27(4)*.

Féadfaidh an soláthar faisnéise a bheith faoi réir aicmiú faisnéise ag na Ballstáit de bhun *Airteagal 27(5)*.

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 31 – mír 3 – fómhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Ní cheanglófar ar na Ballstáit an fhaisnéis uile dá dtagraítear i mír 2 a sholáthar i gcásanna a bhfuil údar maith leo ar fhorais slándála poiblí.***

***scriosta***

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 31 – mír 3 – fómhír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Ní fhágfar leis an aicmiú faisnéise nach gcuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis ar fáil do Pharlaimint na hEorpa. Comhlíonfaidh tarchur agus láimhseáil na faisnéise agus na ndoiciméad a tarchuireadh chuig Parlaimint na hEorpa faoin Airteagal seo leis na rialacha a bhaineann le faisnéis rúnaicmithe a chur ar aghaidh agus a láimhseáil, ar rialacha iad atá infheidhme idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún.***

***scriosta***

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 33 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. Gan dochar don chéad mhír 1, i gcás ina gcuirfear síneadh le rialuithe teorann dá dtagraítear in Airteagal 25a(5),

2. Gan dochar don chéad mhír 1, i gcás ina gcuirfear síneadh le rialuithe teorann dá dtagraítear in Airteagal 25a(5),

cuirfidh an Ballstát lena mbaineann tuarascáil isteach tar éis **12** mhí agus gach **12** mhí ina dhiaidh sin má choinnítear ar bun rialú teorann ar bhonn eisceachtúil.

## Leasú 141

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 33 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Leagfar amach sa tuarascáil, go háirithe, an measúnú tosaigh agus an measúnú leantach ar an ngá atá le rialuithe teorann agus ar **urramú** na gcritéar dá dtagraítear in Airteagal 26, feidhmiú na seiceálacha, an comhar praiticiúil le Ballstáit chomharsanachta, an tionchar ar **ghluaiseacht** daoine **de bharr na rialuithe sin** go háirithe sna réigiúin trasteorann, an **éifeachtacht a bhí ag athbhunú** rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha, lena n-áirítear measúnú **ex post** ar chomhréireacht **athbhunú an rialaithe teorann**.

## Leasú 142

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 33 – mír 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, uair sa bhliain ar a laghad, maidir le feidhmiú an limistéir gan rialú ag teorainneacha inmheánacha dar teideal ('tuarascáil ar Staid Schengen'). Áireofar sa tuarascáil liosta de na cinntí go léir a

cuirfidh an Ballstát lena mbaineann tuarascáil isteach tar éis **6** mhí agus gach **6** mhí ina dhiaidh sin má choinnítear ar bun rialú teorann ar bhonn eisceachtúil.

*Leasú*

3. Leagfar amach sa tuarascáil, go háirithe, an measúnú tosaigh agus an measúnú leantach ar an ngá atá le rialuithe teorann, agus ar **a gcomhréireacht, ar chomhlíonadh** na gcritéar dá dtagraítear in Airteagal 26, feidhmiú na seiceálacha, an comhar praiticiúil le Ballstáit chomharsanachta, an tionchar **a bheidh dá bharr sin** ar **shaorghluaiseacht** daoine go háirithe sna réigiúin trasteorann, **éifeachtacht athbhunú** an rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha, lena n-áirítear measúnú **ex-post** ar **an gá atá le rialú teorann a athbhunú agus ar chomhréireacht an athbhunaithe sin**.

*Leasú*

6. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, uair sa bhliain ar a laghad, maidir le feidhmiú an limistéir gan rialú ag teorainneacha inmheánacha dar teideal ('tuarascáil ar Staid Schengen'). Áireofar sa tuarascáil liosta de na cinntí go léir a

rinneadh chun rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú le linn na bliana ábhartha. ***Aireofar ann freisin faisnéis faoi na treochtaí laistigh de limistéar Schengen*** maidir le ***gluaiseachtaí neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír***, agus ***an fhaisnéis atá ar fáil ó ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais á cur san áireamh, anailís sonraí ó chórais faisnéise ábhartha agus*** measúnú ar an riachtanas agus ar an gcomhréireacht a bhaineann le rialuithe teorann a athbhunú sa tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil sin.

rinneadh chun rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú le linn na bliana ábhartha ***chomh maith leis na gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún*** maidir le ***rialuithe teorann inmheánaí a athbhunaíodh. Tabharfar aird ar leith sa tuarascáil ar na rialuithe teorann a bhí i bhfeidhm ar feadh tréimhse níos faide ná sé mhí***, agus ***áireofar inti*** measúnú ar an riachtanas agus ar an gcomhréireacht a bhaineann le rialuithe teorann a athbhunú sa tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil sin. ***Beidh ag gabháil leis an tuarascáil sin an tuarascáil atá le soláthar de bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2022/922 maidir le sásra meastóireachta agus faireacháin a bhunú agus a oibriú chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013.***

## Leasú 143

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 a (nua)**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 37

*An téacs atá ann*

### ***Airteagal 37***

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 13(5) agus in Airteagal 36 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó

*Leasú*

***(15a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 37:***

### ***‘Airteagal 37***

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 13(5), ***in Airteagal 21a(2), 28(1)*** agus in Airteagal 36 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó

an Chomhairle tarmligean na *gcumhachtaí* dá dtagraítear in Airteagal 13(5) agus Airteagal 36 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

an Chomhairle tarmligean na *cumhachta* dá dtagraítear in Airteagal 13(5), *in Airteagal 21a(2), 28(1)* agus *in* Airteagal (36) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

*3a. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.*

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a *ghlactar* de bhun Airteagal 13(5) agus Airteagal 36 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa *nó* ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh *dheireadh* na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar *síneadh 2 mhí* a chur leis an tréimhse sin ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a *ghlacfar* de bhun Airteagal 13(5), *Airteagal 21a(2), 28(1)* agus Airteagal 36 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa *ná* ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh *dhul in éag* na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar *síneadh 3 mhí* a chur leis an tréimhse sin ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle’

(02016R0399)

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 b (nua)**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Airteagal 37a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(15b) Cuirtear isteach an tAirteagal 37a seo a leanas:*

*Airteagal 37a*

*Nós imeachta práinne*

*1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu fad is nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2.*

*Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.*

*2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gnímh tharmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 37(5). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.*

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Iarscríbhinn XII – cuid A – teideal

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Nós imeachta maidir le daoine a ghabhtar **ag na** teorainneacha inmheánacha **a aistriú**

Nós imeachta maidir le **haistriú féideartha** daoine a ghabhtar **i gcóngar** teorainneacha inmheánacha

## Leasú 146

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Iarscríbhinn XII – roinn A – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Eiseofar an cinneadh trí bhíthin foirm chaighdeánach, mar a leagtar amach i gCuid B, arna líonadh isteach ag an údarás inniúil **náisiúnta**.

*Leasú*

2. Eiseofar an cinneadh trí bhíthin foirm chaighdeánach, mar a leagtar amach i gCuid B, arna líonadh isteach ag an údarás inniúil **forfheidhmithe dlí**.

## Leasú 147

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Iarscríbhinn XII – cuid A – pointe 3 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Déanfaidh na húdaráis náisiúnta a eisíonn cinneadh **diúltaithe** taifead ar na sonraí seo a leanas:

*Leasú*

3. Déanfaidh na húdaráis náisiúnta a eisíonn cinneadh **lena n-aistrítear duine** taifead ar na sonraí seo a leanas:

## Leasú 148

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Iarscríbhinn XII – cuid 3 – mír 3 – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**c) i gcás ina mbeidh siad ar fáil, cóipeanna d'aon doiciméad nó sonraí a bhaineann le céannacht nó le náisiúntacht an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann, in éineacht leis na bunachair sonraí náisiúnta ábhartha agus bunachair sonraí ábhartha an Aontais.**

*Leasú*

**scriosta**

## Leasú 149



**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Iarscríbhinn XII – cuid A – mír 3 – pointe d

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

d) forais an **diúltaithe**,

d) forais an **aistrithe**,

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Iarscríbhinn XII – cuid A – mír 3 – pointe e

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

e) dáta an **diúltaithe**,

e) dáta an **aistrithe**,

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Iarscríbhinn XII – cuid A – pointe 4 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

4. Déanfaidh na húdaráis náisiúnta a eisióinn cinneadh **diúltaithe** na sonraí seo a leanas a bhailiú:

4. Déanfaidh na húdaráis náisiúnta a eisióinn cinneadh **aistrithe** na sonraí seo a leanas a bhailiú:

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Iarscríbhinn XII – cuid A – mír 4 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

a) **líon na ndaoine ar diúltaíodh cead isteach dóibh;**

**scriosta**

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Iarscríbhinn XII – cuid A – mír 4 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

b) líon na ndaoine ar diúltaíodh fanacht dóibh;

b) líon na ndaoine ar diúltaíodh fanacht dóibh ***agus a seoladh ar ais***;

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Iarscríbhinn XII – cuid A – mír 4 – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

c) ***líon na ndaoine a seoladh ar ais***;

***scriosta***

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Iarscríbhinn XII – cuid A – mír 4 – pointe f

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

f) na forais le ***cead isteach agus*** fanacht a dhiúltú;

f) na forais le fanacht a dhiúltú;

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Iarscríbhinn XII – roinn A – mír 5

5. Beidh an ceart chun achomhairc ag daoine dá ndiúltaítear cead **isteach nó cead** fanachta. Déanfar na hachomhairc i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ina theannta sin, tabharfar léiriú i scríbhinn don náisiúnach tríú tír, i dteanga a thuigeann siad nó a cheaptar le réasún go dtuigfidh siad, faoi na pointí teagmhála atá ábalta faisnéis a sholáthar maidir le hionadaithe atá inniúil chun ghníomhú ar son náisiúnach tríú tír i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Má dhéantar achomharc, ní bheidh éifeacht fionraíochta aige sin.

5. Beidh an ceart chun achomhairc ag daoine dá ndiúltaítear cead fanachta. Déanfar na hachomhairc i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ina theannta sin, tabharfar léiriú i scríbhinn don náisiúnach tríú tír, i dteanga a thuigeann siad nó a cheaptar le réasún go dtuigfidh siad, faoi na pointí teagmhála atá ábalta faisnéis a sholáthar maidir le hionadaithe atá inniúil chun ghníomhú ar son náisiúnach tríú tír i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Má dhéantar achomharc, ní bheidh éifeacht fionraíochta aige sin.

## **Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Iarscríbhinn XII – roinn A – mír 6

6. Áiritheoidh **na húdaráis a dtugtar an chumhacht dóibh** faoin dlí náisiúnta go ndéanfar an náisiúnach tríú tír atá faoi réir cinneadh **diúltaithe** a aistriú chuig údaráis inniúla an Bhallstáit chomharsanachta láithreach agus laistigh de **24** uair an chloig ar a dhéanaí. **Comhoibreoidh** na húdaráis a **chumhachtaítear** faoin dlí náisiúnta sa Bhallstát comharsanachta le húdaráis an Bhallstáit chuige sin.

6. Áiritheoidh **an t-údarás inniúil forfheidhmithe dlí** faoin dlí náisiúnta go ndéanfar an náisiúnach tríú tír atá faoi réir cinneadh **aistrithe** a aistriú chuig údaráis inniúla an Bhallstáit chomharsanachta láithreach agus laistigh de **12** uair an chloig ar a dhéanaí. Na húdaráis a **dtugtar an chumhacht dóibh** faoin dlí náisiúnta sa Bhallstát comharsanachta, **tar éis dóibh páirt a ghlacadh i bpatról comhpháirteach póilíneachta, oibreoidh siad i gcomhar** le húdaráis an Bhallstáit chuige sin.

## **Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Iarscríbhinn XII – roinn A – mír 7

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**7. I gcás ina dtugann iompróir chuig an teorainn náisiúnach tríú tír atá faoi réir cinneadh dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh an t-údarás áitiúil atá freagrach an méid seo a leanas a dhéanamh:**

*scriosta*

**(a) ordú a thabhairt don iompróir dul i bhfeighil an náisiúnaigh tríú tír agus é nó í a iompar gan mhoill chuig an mBallstát ónar tugadh é nó í;**

**(b) ar feitheamh iompar ar aghaidh, bearta iomchuí a dhéanamh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus ag féachaint d'ímthosca áitiúla, chun cosc a chur ar náisiúnaigh tríú tír ar diúltaíodh cead isteach dóibh dul isteach go neamhdhleathach.**

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**  
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399  
Iarscríbhinn XII – cuid B

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Foirm chaighdeánach chun daoine a ghabhtar **ag na teorainneacha** inmheánacha a aistriú

Ainm an Stáit

Lógó an Stáit (Ainm na hOifige)

\_\_\_\_\_ (1)

**AN NÓS IMEACHTA UM AISTRÍÚ AG TEORAINNEACHA INMHEÁNACHA**

An \_\_\_\_\_ ag (am) \_\_\_\_\_ ag an suíomh (sonraigh an cineál teorann inmheánaí atá in aice láimhe nó faisnéis ábhartha eile a bhaineann le gabháil ag patról comhpháirteach) \_\_\_\_\_

Foirm chaighdeánach chun daoine a ghabhtar **i gcóngar na dteorainneacha** inmheánacha a aistriú

Ainm an Stáit

Lógó an Stáit (Ainm na hOifige)

\_\_\_\_\_ (1)

**NÓS IMEACHTA AISTRITHE I gCÓNGAR TEORAINNEACHAINMHEÁNACHA**

An \_\_\_\_\_ ag (am) \_\_\_\_\_ ag an suíomh (sonraigh an cineál teorann inmheánaí atá in aice láimhe nó faisnéis ábhartha eile a bhaineann le gabháil ag patról comhpháirteach) \_\_\_\_\_

Dearbhaímid, a bhfuil ár n-ainmneacha  
sínithe anseo thíos,

\_\_\_\_\_ go bhfuil as ár gcomhair  
amach:

Sonraí pearsanta (ach iad a bheith ar fáil)

Sloinne \_\_\_\_\_  
Céadainm \_\_\_\_\_

Dáta \_\_\_\_\_  
breithe \_\_\_\_\_  
Áit bhreithe \_\_\_\_\_

Gnéas \_\_\_\_\_

Náisiúntacht \_\_\_\_\_

Cónaitheoir i \_\_\_\_\_

An cíneal doiciméid aitheantais \_\_\_\_\_

uimhir \_\_\_\_\_

Eisithe i(n) \_\_\_\_\_

an \_\_\_\_\_

Uimhir víosa, más ann di \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ cineál  
\_\_\_\_\_ arna heisiúint ag \_\_\_\_\_

Bailí ó \_\_\_\_\_ go  
dtí \_\_\_\_\_

Ar feadh tréimhse \_\_\_\_\_ lá:

Ag teacht ó \_\_\_\_\_ ar/i  
\_\_\_\_\_ (sonraigh an modh  
iompair a úsáideadh, e.g. uimhir eitle),  
cuirtear in iúl dó/di leis seo nach bhfuil  
cead isteach sa tír aige/aici agus aistrefar  
é/í chuig \_\_\_\_\_ de

Dearbhaímid, a bhfuil ár n-ainmneacha  
sínithe anseo thíos,

\_\_\_\_\_ go bhfuil as ár gcomhair  
amach:

Sonraí pearsanta (ach iad a bheith ar fáil)

Sloinne \_\_\_\_\_  
Céadainm \_\_\_\_\_

Dáta \_\_\_\_\_  
breithe \_\_\_\_\_  
Áit bhreithe \_\_\_\_\_

Gnéas \_\_\_\_\_

Náisiúntacht \_\_\_\_\_

Cónaitheoir i(n) \_\_\_\_\_

An cíneal doiciméid aitheantais \_\_\_\_\_

uimhir \_\_\_\_\_

Eisithe i(n) \_\_\_\_\_

an \_\_\_\_\_

Uimhir víosa, más ann di \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ cineál  
\_\_\_\_\_ arna heisiúint ag \_\_\_\_\_

Bailí ó \_\_\_\_\_ go  
dtí \_\_\_\_\_

Ar feadh tréimhse \_\_\_\_\_ lá:

Ag teacht ó \_\_\_\_\_ ar/i  
\_\_\_\_\_ (sonraigh an modh  
iompair a úsáideadh, e.g. uimhir eitle),  
cuirtear in iúl dó/di leis seo nach bhfuil  
cead isteach sa tír aige/aici agus aistrefar  
é/í chuig \_\_\_\_\_ de

bhun (sonraigh tagairtí don dlí náisiúnta atá i bhfeidhm), ar na cúiseanna seo a leanas:

- níl doiciméad **taistil** bailí/doiciméid **thaistil** bhailí ag (A)
- tá doiciméad taistil bréagach/góchumtha/brionnaithe ag (B)
- níl víosa ná cead cónaithe bailí ag (C)
- tá víosa nó cead cónaithe bréagach/góchumtha/brionnaithe ag (D)
- níl na doiciméid chuí ag (E) ar fianaise iad ar chuspóir agus coinníollacha an fhanachta**

**Níorbh fhéidir an doiciméad/na doiciméid seo a leanas a sholáthar:**

- tá (F) tar éis 90 lá a chaitheamh cheana féin ar chríoch Bhallstáit an Aontais Eorpaigh sna 180 lá roimhe sin
- níl an chóir leordhóthanach mhaireachtála ag (G) maidir le tréimhse agus foirm an fhanachta, ná an chóir chun filleadh ar ais go dtí an tír thionscnaimh nó **idirthurais**

is duine (H) a bhfuil foláireamh eisithe ina leith chun cead isteach a dhiúltú

in CFS

sa chlár náisiúnta

meastar gur bagairt é/í (I) do bheartas poiblí, slándáil inmheánach, sláinte phoiblí nó caidreamh idirnáisiúnta ceann amháin nó níos mó de Bhallstáit an Aontais (ní mór do gach Stát na tagairtí don dlí náisiúnta a bhaineann leis an aistriú sin a shonrú)

Barúlacha

Diúltaigh an duine lena mbaineann an fhoirm a shíniú.

An Duine lena mBaineann an tOifigeach atá freagrach as seiceálacha

bhun (sonraigh tagairtí don dlí náisiúnta atá i bhfeidhm), ar na cúiseanna seo a leanas:

- níl doiciméad **aitheantais** bailí/doiciméid **aitheantais** bhailí ag (A)
- tá doiciméad taistil bréagach/góchumtha/brionnaithe ag (B)
- níl víosa ná cead cónaithe bailí ag (C)
- tá víosa nó cead cónaithe bréagach/góchumtha/brionnaithe ag (D)
- 

tá (F) tar éis 90 lá a chaitheamh cheana féin ar chríoch Bhallstáit an Aontais Eorpaigh sna 180 lá roimhe sin

níl an chóir leordhóthanach mhaireachtála ag (G) maidir le tréimhse agus foirm an fhanachta, ná an chóir chun filleadh ar ais go dtí an tír thionscnaimh nó **go dtí an Ballstáit comharsanachta**

**ní iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta (GA)**

**ní mionaoiseach (GB)**

is duine (H) a bhfuil foláireamh eisithe ina leith chun cead isteach a dhiúltú

in CFS

sa chlár náisiúnta

meastar gur bagairt é/í (I) do bheartas poiblí, slándáil inmheánach, sláinte phoiblí nó caidreamh idirnáisiúnta ceann amháin nó níos mó de Bhallstáit an Aontais (ní mór do gach Stát na tagairtí don dlí náisiúnta a bhaineann leis an aistriú sin a shonrú)

Barúlacha

Diúltaigh an duine lena mbaineann an fhoirm a shíniú.

An Duine lena mBaineann an tOifigeach atá freagrach as seiceálacha

Féadfaidh an duine lena mbaineann achomharc a thabhairt in aghaidh an chinnidh nach bhfuil cead fanachta aige/aici de réir mar a fhoráiltear sa dlí náisiúnta. Gheobhaidh an duine lena mbaineann cóip den doiciméad seo (ní mór do gach Stát na *tagairt* don dlí náisiúnta agus don nós imeachta a bhaineann leis an gceart achomhairc a *shonrú*).

Féadfaidh an duine lena mbaineann achomharc a thabhairt in aghaidh an chinnidh nach bhfuil cead fanachta aige/aici de réir mar a fhoráiltear sa dlí náisiúnta. Gheobhaidh an duine lena mbaineann cóip den doiciméad seo (ní mór do gach Stát na *tagairtí* don dlí náisiúnta agus don nós imeachta *náisiúnta* a bhaineann leis an gceart achomhairc a *léiriú chomh maith le pointí teagmhála atá in ann faisnéis a sholáthar faoi ionadaithe atá inniúil ar ghníomhú thar ceann an náisiúnaigh tríú tír*).

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2**

Treoir 2008/115/CE

Airteagal 6 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Airteagal 2*

*scriosta*

*Leasú ar Threoir 2008/115/CE*

**1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6(3) de Threoir 2008/115/CE:**

**‘3. Féadfaidh na Ballstáit staonadh ó chinneadh um fhilleadh a eisiúint chuig náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar a gcéad má ghlacann Ballstát eile an náisiúnach tríú tír lena mbaineann ar ais i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 23a de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle\* nó faoi chomhaontuithe nó socrúithe déthaobhacha.**

**An Ballstát a bhfuil an náisiúnach tríú tír lena mbaineann glactha ar ais aige i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, eiseoidh sé cinneadh um fhilleadh i gcomhréir le mír 1. I gcásanna den sórt sin, ní bheidh feidhm ag an maolú atá leagtha síos sa**

*chéad fhomhír.*

***Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún gan mhoill faoi aon chomhaontuithe nó socruithe déthaobhacha atá ann cheana, bíodh siad leasaithe nó nua.”***

***\* Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (IO L 077, 23.3.2016, lch. 1).’***

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Airteagal 3*

*scriosta*

***Leasú ar Threoir 2008/115/CE a thrasú***

***1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Airteagal 2 a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.***

***Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [6 mhí tar éis an teacht i bhfeidhm].***

***Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu d’Airteagal 2 den Rialachán seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinntfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.***

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 4 – mír 2**



*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe 6, áfach, ón [dáta a mbeidh feidhm ag na leasuithe dá bhforáiltear in Airteagal 2 sna Ballstáit].***

*scriosta*

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá limistéar Schengen ar cheann de na héachtaí is mó atá bainte amach ag an Aontas, éacht inláimhsithe ar a bhfuil fiormheas ag croílár thionscadal an AE, rud a cheadaíonn taisteal gan srian do níos mó ná 400 milliún duine agus rud atá uathúil ar fud an domhain, atá i bhfeidhm le breis agus 25 bliain.

Ar an drochuair, tá an limistéar saorghluaiseachta sin, gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, i mbaol le roinnt blianta anuas. Is iomaí cúis a thugtar leis an úsáid mhéadaitheach agus níos buaine a bhaintear as rialuithe ag teorainneacha inmheánacha laistigh de limistéar Schengen a dhéanann difear go príomha do dhaoine: bagairt na sceimhlitheoireachta, an baol don tsláinte phoiblí a bhaineann le paindéimí, fiú gluaiseacht daoine thar teorainneacha féin. Is é an snáithe a nascann na cúiseanna sin ná go raibh siad ina leithscéal do na Ballstáit iompú isteach.

Tá leagan leasaithe de Chód Teorainneacha Schengen molta ag an gCoimisiún Eorpach, arb é is aidhm dó limistéar Schengen a neartú, agus filleadh ar limistéar lán-fheidhmiúil gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha. Ar an drochuair, is é an cur chuige a roghnaigh an Coimisiún glacadh go díreach leis na cúiseanna sin a tugadh chun rialuithe teorann a mhéadú agus saoirse gluaiseachta a theorannú. Ní cosúil go bhfuil sé ag teacht le haidhm Chonarthaí an Aontais limistéar saoirse, slándála agus ceartais gan teorainneacha inmheánacha a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais, má chruthaítear forais nua chun bonn cirt a thabhairt do thabhairt isteach rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, nó tuilleadh seiceálacha a cheadú a bheidh cosúil le rialú teorann, agus a bhraitheann cosúil leis. Chinn an Rapóirtéir díriú ar dhlí príomha AE agus leasuithe ar an togra seo á moladh aici, ag féachaint le prionsabail limistéar Schengen a chosaint mar a leagtar amach iad sna Conarthaí agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha, go háirithe in Airteagal 3 CAE, in Airteagal 67(2) CFAE, agus in Airteagal 77(2)(e) CFAE.

Maidir leis na forálacha a bhaineann le hionstraimiú, is fearr leis an Rapóirtéir iad a bhaint ón téacs ós rud é, ar thaobh amháin, go bhfónann siad do sprioc gheopholaitiúil a bhfuil ábharthacht theoranta aici do na rialacha lena rialaítear dea-fheidhmiú limistéar Schengen, agus, ar an taobh eile, go bhfuil togra sonrathach ar leith déanta ag an gCoimisiún le haghaidh Rialacháin maidir leis an ábhar sin, ar cheart dó aghaidh a thabhairt ar na gnéithe uile a bhaineann leis an gcoincheap sin.

Maidir leis na leasuithe ar an Treoir um Fhilleadh, is fearr leis an Rapóirtéir a mholadh freisin nach mbaineann siad le Cód Teorainneacha Schengen, bunaithe ar an bprionsabal nach bhfuil siad comhsheasmhach le bunús dlí lena gceanglaítear nach mbeidh aon rialú ar dhaoine, is cuma cén náisiúntacht atá acu, agus iad ag trasnú teorainneacha inmheánacha. Ní féidir é a bheith mar ról ag Cód Teorainneacha Schengen fadhbanna a réiteach a tháinig chun cinn san athchóiriú, nach ndearnadh aon dul chun cinn leis, maidir le beartas tearmainn agus imirce an AE. Is léir go bhfuil na forálacha sin contrártha le spiorad Limistéar Schengen gan rialú ag teorainneacha inmheánacha. Thairis sin, bhí na forálacha neamhghníomhaíochta sa Treoir um Fhilleadh ceaptha chun a áirithiú go mbogfadh an tAontas i dtreo cur chuige níos comhchuíbhíthe. Níl an Rapóirtéir ag iarraidh bogadh siar ina leith sin, trí níos mó comhaontuithe déthaobhacha a spreagadh laistigh de Limistéar Schengen nach ndéanfadh ach rialacha AE a sheachaint.

Ar bhealach níos dearfaí, maidir leis na moltaí ón gCoimisiún i dtaca le cásanna paindéime agus éigeandálaí sláinte poiblí a láimhseáil, tacaíonn an Rapóirtéir go ginearálta le cur chuige an

Choimisiúin Eorpaigh, ach i bhfianaise thábhacht na gcinntí a dhéanfar – ar leibhéal AE – sa réimse seo, tá sé tábhachtach go mbeadh Parlaimint na hEorpa rannpháirteach sa phróiseas sin.

Ina theannta sin, maidir le ceann de phríomhghnéithe an athbhreithnithe sin, a bhaineann leis na teorainneacha ama chun rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú, bhí an Rapóirtéir á threorú ag rialú Mhór-Dhlísheomra Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCásanna Uamtha *NW v Landespolizeidirektion Steiermark (C-368/20)*, *Bezirkshauptmannschaft Leibnitz (C-369/20)*

Tá teorainneacha ama dochta sa dréacht-tuarascáil maidir le rialuithe teorann inmheánaí a athbhunú do na Ballstáit, agus forálacha soiléire a léiríonn cá fhad is féidir iad a choinneáil.

Ina thogra, chinn an Coimisiún forálacha nua a thabhairt isteach lena rialófaí bagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach a chuirfeadh feidhmiú foriomlán an limistéir gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha i mbaol, lena gceadófaí Cinneadh ón gComhairle lena gcumhdófaí rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú i roinnt Ballstát nó níos mó ag an am céanna. Is féidir leis an Rapóirtéir glacadh le sásra den sórt sin, ach creideann sí gur cheart é a rialú go docht. Ba cheart go bhféadfaí rialuithe teorann a athbhunú ar leibhéal an Aontais ar feadh tréimhsí 6 mhí, tréimhsí a bheadh inathnuaithe suas le 2 bhliain ar a mhéad.

Mar fhocal scoir, tá sé léirithe le deich mbliana anuas go bhfuil sé i bhfad níos éasca ó thaobh na polaitíochta de do pholaiteoirí náisiúnta cinneadh a dhéanamh rialuithe teorann a athbhunú, ná mar atá sé dóibh cinneadh a dhéanamh ina dhiaidh sin deireadh a chur leis na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha. Níor cheart don reachtóir Eorpach tuilleadh uirlisí a chur ar fáil lenar féidir le polaiteoirí náisiúnta údar a thabhairt le haghaidh rialuithe ag teorainneacha inmheánacha. Ní mór dúinn filleadh ar Schengen, gan filleadh ar an tréimhse a bhí ann roimh Schengen.

## SEASAMH MIONLAIGH

De bhun Riail 55(4) de na Rialacha Nós Imeachta

Charlie Weimers, Anders Vistisen, Patryk Jaki, Jean-Paul Garraud, Jorge Buxadé Villalba, Jaak Madison, Beata Kempa, Patricia Alexina Fransisca Maria Chagnon, Rob Rooker, Annika Bruna, Thierry Mariani, Nicolaus Fest

Léiríonn an togra seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chód Teorainneacha Schengen an tuairim go sáraíonn deireadh a chur le rialuithe teorann inmheánaí dúshláin slándála inmheánaí. Fiú tráth atá bagairt ar limistéar Schengen amhail ollimirce nó cogáiocht hibrideach trí úsáid a bhaint as armú imirceach neamhdhleathach, gluaiseachtaí tánaisteacha, nó gníomhaíochtaí a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht nó leis an gcoireacht eagraithe.

Diúltaítear sa tuarascáil d'iarrachtaí Cód Teorainneacha Schengen a leasú chun na bagairtí sin a chur san áireamh. Diúltaíonn léi d'uirlisí atá beartaithe chun ionstraimiú a chomhrac, cuireann srian léi le hinfheidhmeacht beart malartach maidir le rialuithe teorann amhail daoine a gabhadh i limistéir teorann a chuaigh isteach go neamhdhleathach a aistriú ar ais, agus athbhunaíonn léi bacainní ar úsáid níos forleithne a bhaint as teicneolaíochtaí faireacháin agus faireachais teorann.

Baineann an tuarascáil an bonn de cheart ceannasach na mBallstát rialú a dhéanamh ar na daoine a thagann isteach ina gcóir. Chun rialuithe teorann inmheánaí a athbhunú agus/nó a fhadú, beidh gá le húdair níos déine agus tá srian ar an bhféidearthacht rialuithe teorann inmheánaí inmheánacha a fhadú i bhfianaise bagairtí leanúnacha ar an tslándáil inmheánach nó ar an mbeartas poiblí.

Tá feidhmiú chomhaontú Schengen ag brath ar mhuintir fhrithpháirteach idir na Ballstáit. Ní féidir an tsaorghluaiseacht a athbhunú ach amháin nuair a dhaingnítear an teorainn sheachtrach agus nuair a chuirtear beartas neamhfhulaingthe i leith gach cineál iontrála neamhdhleathaí chun feidhme.

## AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

<b>Teideal</b>	Lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais i dtaca leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha
<b>Tagairtí</b>	COM(2021)0891 – C9-0473/2021 – 2021/0428(COD)
<b>Dáta tíolactha chun na Parlaiminte</b>	15.12.2021
<b>An Coiste Freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	LIBE 14.2.2022
<b>Rapóirtéirí</b> Dáta an cheapacháin	Sylvie Guillaume 31.3.2022
<b>Pléite sa choiste</b>	17.11.2022
<b>Dáta an ghlactha</b>	20.9.2023
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+: 39 –: 13 0: 12
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Abir Al-Sahlani, Konstantinos Arvanitis, Malik Azmani, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Annika Bruna, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Patricia Chagnon, Clare Daly, Laura Ferrara, Nicolaus Fest, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Nuno Melo, Nadine Morano, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Pina Picierno, Emil Radev, Paulo Rangel, Karlo Ressler, Diana Riba i Giner, Isabel Santos, Birgit Sippel, Sara Skyttedal, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Tomas Tobé, Yana Toom, Tom Vandendriessche, Anders Vistisen, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Delara Burkhardt, Loucas Fourlas, Anne-Sophie Pelletier, Bergur Løkke Rasmussen, Petar Vitanov, Charlie Weimers
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Pascal Arimont, Dacian Cioloş, Jarosław Duda, Thierry Mariani, Karen Melchior, Antonio Maria Rinaldi, Helmut Scholz
<b>Dáta don chur síos</b>	27.9.2023



## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

39	+
NI	Laura Ferrara
PPE	Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Paulo Rangel
Renew	Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Dacian Cioloş, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Karen Melchior, Maite Pagazaurtundúa, Bergur Løkke Rasmussen, Yana Toom
S&D	Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Delara Burkhardt, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Pina Picierno, Isabel Santos, Birgit Sippel, Petar Vitanov, Elena Yoncheva
The Left	Konstantinos Arvanitis, Anne-Sophie Pelletier, Helmut Scholz
Verts/ALE	Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Damien Carême, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Diana Riba i Giner, Tineke Strik

13	-
ECR	Jorge Buxadé Villalba, Patryk Jaki, Assita Kanko, Vincenzo Sofo, Charlie Weimers
ID	Annika Bruna, Patricia Chagnon, Nicolaus Fest, Thierry Mariani, Antonio Maria Rinaldi, Tom Vandendriessche, Anders Vistisen
PPE	Nadine Morano

12	0
PPE	Pascal Arimont, Karolin Braunsberger-Reinhold, Jarosław Duda, Loucas Fourlas, Jeroen Lenaers, Nuno Melo, Emil Radev, Karlo Ressler, Sara Skytvedal, Tomas Tobé, Javier Zarzalejos
The Left	Clare Daly

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh